Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**6646/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0035(NLE)**

**RECH 71**
**ATO 7**
**COMPET 102**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Feabhra 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 60 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE<br>lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach le haghaidh na tréimhse 2026-2027 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 60 final.

Faoi iamh: COM(2025) 60 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.2.2025
COM(2025) 60 final

2025/0035 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach le haghaidh na tréimhse 2026-2027 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Leis an togra seo le haghaidh Clár Taighde agus Oiliúna Euratom le haghaidh 2026-2027 (an ‘Clár’) cuirtear síneadh le Clár Taighde agus Oiliúna Euratom 2021-2025 atá ann faoi láthair (‘Clár 2021-2025’)[1] don 2 bhliain[2] atá fágtha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) atá i bhfeidhm faoi láthair[3].

Cé gur clár ar leithligh é an Clár atá beartaithe, coinníonn sé an chuid is mó de ghnéithe a réamhtheachtaí, lena n-áirítear a phríomhghníomhaíochtaí taighde[4]. Socraíodh imchlúdach airgeadais an Chláir cheana féin ag EUR 598 milliún (praghsanna reatha) nuair a glacadh CAI. Leagtar amach sa togra an buiséad le haghaidh gníomhaíochtaí díreacha agus indíreacha, na cuspóirí ginearálta agus sonracha, agus tugtar tuairisc ann ar na hionstraimí tacaíochta.

Beidh sé d’aidhm ag an gCoimisiún an Clár a chur chun feidhme leis na tosaíochtaí seo a leanas:

– Leis an taighde sábháilteachta, soláthrófar an méid seo a leanas: (i) uirlisí agus treoraíocht d’oibreoirí gléasraí cumhachta núicléiche agus d’údaráis sábháilteachta chun faireachán a dhéanamh ar shábháilteacht gléasraí núicléacha atá ann cheana; (ii) fios gnó agus réitigh chun gléasraí cumhachta núicléiche a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear imoibreoirí modúlacha beaga, a chumasú chun na ceanglais sábháilteachta a chomhlíonadh; agus (iii) uirlisí agus modhanna d’údaráis sábháilteachta chun dearaí nua a thástáil agus chun ceadúnú a éascú. Beidh cistiú do thionscadail taighde sa réimse sin an-roghnach, ós rud é gur ar chomhpháirtíochtaí comhchistithe a chaithfear an chuid is mó den bhuiséad eamhnúcháin.

– Leis an gClár soláthrófar cistiú breise do na Comhpháirtíochtaí Eorpacha comhchistithe sa taighde ar eamhnú (cosaint ar radaíocht, bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, ábhair núicléacha) chun a áirithiú gur féidir leo oiriúnú don tírdhreach taighde atá ag athrú agus chun gur féidir leo páirtithe leasmhara nua agus na Ballstáit uile a chuimsiú.

– Leis an gClár, féachfar le ról ceannaireachta an Aontais sa taighde ar chomhleá a choinneáil ar bun trí Chomhpháirtíocht Eorpach chomhchláraithe a sheoladh lena dtabharfar le chéile páirtithe leasmhara san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach chun dul i ngleic le scrogaill sa phróiseas chun an chéad ghléasra cumhachta comhleá a dhearadh agus a thógáil.

---

1 Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena leasaítear Rialachán (Euratom) 2018/1563 (IO L 167I, 12.5.2021, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/765/oj).

2 Is giorra fad tréimhse Chláir Euratom ná fad tréimhse clár caiteachais eile faoi CFAE, toisc go dteorannaítear na cláir sin go 5 bliana le hAirteagal 7 de Chonradh Euratom.

3 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

4 Áirítear orthu sin an tsábháilteacht núicléach, slándáil núicléach, dramhaíl radaighníomhach agus bainistiú breosla spíonta, cosaint ar radaíocht agus fuinneamh comhleá.

– Leanfaidh an Clár de thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí fadtéarmacha san oideachas agus san oiliúint trí shoghluaisteacht agus rochtain ar bhonneagar a chur ar fáil do mhic léinn agus do thaighdeoirí, rud a thabharfaidh cobhsaíocht agus intuarthacht do pháirtithe leasmhara agus d'úsáideoirí. Cuirfear i dtábhacht idirghníomhaíocht is fearr idir na gníomhaíochtaí sin, comhpháirtíochtaí agus tionscadail atá ar siúl faoi láthair agus tionscadail nua.

– Leis an gClár, leanfar de thaighde a chistiú maidir le teicnící a fhorbairt chun tacú le coimircí núicléacha, leis an tslándáil núicléach agus le hiarrachtaí maidir le neamhleathadh núicléach, i bhfianaise an mhéadaithe shubstaintiúil ar úsáid teicneolaíochtaí eamhnúcháin núicléach ar fud an domhain.

Mura ndéantar aon ghníomhaíocht maidir le taighde núicléach ar an leibhéal Eorpach, is dócha nach mbeidh sé d'acmhainneacht ach ag na Ballstáit mhóra cláir náisiúnta a choinneáil ar bun. Is dócha go mbeidh an comhar laistigh den Eoraip teoranta do na Ballstáit mhóra sin agus do shocruithe déthaobhacha. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh aonrú eolaíoch agus cailliúint saineolais do na Ballstáit is lú. Tá sé beartaithe leis an gClár gach Ballstát agus gach iarracht taighde a chuimsiú, agus Clár Réime an Aontais, clár lena dtacaítear le taighde neamhnúicléach, á chomhlánú ag an am céanna.

Chuir an Coimisiún tús leis na hullmhúcháin le haghaidh an togra trí dhul i gcomhairle le Coiste Eolaíoch agus Teicniúil Euratom (CET), mar a cheanglaítear leis an mbunús dlí[5]. Thug STC tuairim uaidh[6] a chuir an Coimisiún san áireamh agus an togra seo á ullmhú aige.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tabharfaidh an Clár gníomhaíochtaí taighde a réamhtheachtaí ar aghaidh. Tá sé comhsheasmhach leis an gclár Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht[7] i réimse an taighde núicléach agus comhlánaíonn sé é. Cuireann sé i bhfeidhm rialacha an chláir Fís Eorpach maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh agus úsáideann sé na hionstraimí céanna, lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí Eorpacha[8]. Leis na forálacha maidir le sineirgí[9], áirithítear freisin go gcomhlánaíonn an dá chlár a chéile.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Trí thacú le taighde den scoth agus trí na dálaí cearta a áirithiú le haghaidh taighde agus forbairt scileanna nua, tá an togra comhsheasmhach le beartais an Aontais lena bhféachtar le hiomaíochas an Aontais a mhéadú.

5 Féach freisin 'An bunús dlí' agus 'An rogha ionstraime' faoi Roinn 2.

6 *Tosaíochtaí maidir le taighde agus oiliúint núicléach na hEorpa: Tuairim ó CET* (STC-2023-16 FINAL, 20.10.2023). https://research-and-innovation.ec.europa.eu/document/download/8908a4d4-ad88-465f-9c9b-bbbf0e7174cc_en?filename=priorities-for%20european-nuclear-research.pdf.

7 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

8 Féach Airteagail 9, 7 agus Airteagal 6(3) den togra seo agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2021/695 agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis.

9 Féach Airteagal 10(2) den togra seo agus Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/695.

Tacóidh an Clár le tionscnaimh taighde maidir leis an tsábháilteacht núicléach agus leis na réimsí straitéiseacha a dtacaítear leo sa Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta[10]. Tacóidh sé freisin le tionscnaimh shábháilteachta na Comhghuaillíochta Tionsclaíche Eorpaí um Imoibreoirí Modúlacha Beaga a bunaíodh le déanaí.

Rannchuideoidh an Clár le cur chun feidhme Chaibidil 7 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (an 'Conradh') maidir le coimircí núicléacha[11]. Rannchuideoidh sé freisin le cláir oibre agus le straitéisí slándála an Aontais trí thacú le taighde ar an tslándáil núicléach.

Maidir le taighde arna chistiú leis an gClár, tacóidh sé le cur chun feidhme Threoracha Euratom maidir le sábháilteacht suiteálacha núicléacha[12], bainistiú sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí[13], agus cosaint ar radaíocht[14].

Leanfaidh an Clár freisin de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na hIonstraime Eorpaí um Chomhar Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach[15] agus do ghnéithe núicléacha agus raideolaíocha na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta[16].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Luaitear sa Chonradh gurb é an Coimisiún atá freagrach as taighde núicléach a chur chun cinn agus a éascú sna Ballstáit agus as an taighde sin a chomhlánú trí chlár taighde agus oiliúna de chuid an Chomhphobail a dhéanamh (Airteagal 4). Glacfaidh an Chomhairle an clár sin, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún (Airteagal 7).

---

10 Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L, 2024/1735, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj).

11 Na tagairtí atá ann don Chonradh, is tagairtí don leagan comhdhlúite iad. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:02016A/TXT-20240901

12 Treoir 2009/71/Euratom an 25 Meitheamh 2009 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le sábháilteacht núicléach na suiteálacha núicléacha (IO L 172, 2.7.2009, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/71/oj).

13 Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear Creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach (IO L 199, 2.8.2011, lch 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/70/oj).

14 Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta maidir le cosaint ar na contúirtí a éiríonn as nochtadh don radaíocht ianúcháin, agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641 Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom (IO L 13, 17.1.2014, lch. 1).

15 Rialachán (Euratom) 2021/948 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Ionstraim Eorpach um Chomhar Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach lena gcomhlánaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda ar bhonn an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh. 237/2014 (IO L 209, 14.6.2021, lch. 79, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/59/oj).

16 Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj).

De réir an Chonartha, ní théitear i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, ach san am a chuaigh thart d'iarr sealbhóir Uachtaránacht rothlach na Comhairle ar an bParlaimint barúlacha a thabhairt maidir leis na rialacháin atá beartaithe lena mbunaítear Cláir Euratom. Coinneofar Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar an eolas, mar a cheanglaítear leis an mbunús dlí (Airteagal 7).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Cuidíonn an Clár leis na Ballstáit, gan beann ar a rogha náisiúnta maidir le cumhacht eamhnaithe núicléach a ghiniúint nó a ídiú, oibriú le chéile chun na deiseanna a chuireann an eolaíocht núicléach ar fáil a fhorbairt agus chun na rioscaí a bhaineann le feidhmeanna éagsúla na radaíochta ianúcháin a laghdú.

Is díol suime é an Clár ní hamháin don 12 Bhallstát a oibríonn gléasraí cumhachta núicléiche mar chuid dá meascán fuinnimh náisiúnta, ach freisin don iliomad Ballstát eile a oibríonn imoibreoirí chun críoch taighde nó chun raidiseatóip a tháirgeadh. Go deimhin, is díol suime é do thíortha uile an Aontais ina n-úsáidtear raidiseatóip chun críoch leighis. Tairbheoidh na Ballstáit uile d'inniúlachtaí a fhorbairt agus a chomhroinnt maidir leis an tsábháilteacht núicléach agus le bainistiú sábháilte dramhaíola radaighníomhaí.

Is ar mhaithe le Ballstáit uile an Aontais atá forbairt an fhuinnimh comhleá, lena n-éilítear iarrachtaí taighde ar scála an-mhór. Ar deireadh, baineann na Ballstáit uile úsáid as nó tairbhíonn siad de radaíocht i bhfeidhmeanna leighis, tionsclaíocha, talmhaíochta, comhshaoil agus slándála. Leis na caighdeáin chomhchuibhithe a leagtar síos le treoracha éagsúla Euratom, cuirtear i dtábhacht go soiléir an gá atá le cur chuige aonfhoirmeach maidir le hábhair theicniúla agus oiliúint ar fud an Aontais.

Is freagracht náisiúnta í an tslándáil núicléach. Mar sin féin, chun fothú acmhainneachta a threisiú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, cuidíonn gníomhaíochtaí díreacha an Chláir le haghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin slándála atá roimh an Aontas agus ar ghnéithe domhanda na ndúshlán sin sna réimsí a bhaineann le rioscaí slándála CBRN a mhaolú, le hábhar núicléach agus raideolaíoch a bhrath agus le hanailís fhóiréinseach, mar aon le hoiliúint iomchuí. Inniúlacht eisiach de chuid Chomhphobal Euratom is ea coimircí agus is nithe ríthábhachtacha iad an tacaíocht theicniúil leanúnach, an taighde agus an fhorbairt sa réimse sin trí bhíthin gníomhaíochtaí díreacha chun córas coimircí Euratom a choimeád éifeachtúil agus éifeachtach.

- **Comhréireacht**

Déantar foráil sa Chlár maidir le bearta chun tacú le taighdeoirí agus chun iarrachtaí taighde na mBallstát a chomhordú d'fhonn dúbláil a sheachaint, mais chriticiúil a choinneáil i bpríomhréimsí agus a áirithiú go gcaitear cistí poiblí ar an mbealach is fearr is féidir. D'fhéadfadh sé go mbeadh infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha sa taighde agus sa nuálaíocht mar thoradh ar bhearta den sórt sin. Tá gá leo freisin chun tacú le ceapadh beartas agus chun na cuspóirí a leagtar amach i mbeartais an Aontais a bhaint amach. Ní théann na bearta atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an Chomhphobail a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Cuirfear an Clár chun feidhme le rialachán ón gComhairle, faoi mar a rinneadh i gcás an chláir a bhí ann roimhe sin. Cruthaítear leis sin cearta agus oibleagáidí do thairbhithe, ar cearta agus oibleagáidí iad atá ina gceangal go huile agus go hiomlán agus atá infheidhme go díreach i mBallstáit uile an Aontais agus sna tíortha uile atá comhlachaithe leis an gClár. Tá

sé sin comhsheasmhach freisin leis an gcaoi a gcuirtear cláir chaiteachais eile de chuid an Aontais ar bun.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Baineadh leas sa togra seo as an meastóireacht *ex post*[17] ar Chláir Thaighde agus Oiliúna Euratom 2014-2020[18] agus as an meastóireacht eatramhach[19] ar Chlár 2021-2025.

Ba é conclúid na meastóireachta *ex post* gur thug Clár 2014-2020 tacaíocht mhór maidir leis an tsábháilteacht núicléach, leis an tslándáil núicléach agus le cosaint ar radaíocht, agus gur chuidigh sé chun a áirithiú go gcomhlíonann an Eoraip na caighdeáin is airde sna réimsí sin. Rannchuidigh Clár 2014-2020 freisin le dícharbónú fadtéarmach chóras fuinnimh an Aontais tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) bonn eolais agus réitigh a sholáthar chun gléasraí cumhachta núicléiche atá ann cheana a oibriú ar bhonn fadtéarmach; (ii) dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an eolas agus leis na teicneolaíochtaí is gá chun fuinneamh comhleá a fhorbairt; agus (iii) an cás sábháilteachta a thógáil maidir le hardchórais núicléacha. Chuidigh an Clár freisin le scileanna núicléacha fíor-riachtanacha a choinneáil ar bun agus a fhorbairt a thuilleadh trí bhíthin bainistíocht eolais éifeachtach agus trí bhíthin raon leathan oideachais agus oiliúna, agus tacaíocht leanúnach á tabhairt do bheartais a bhaineann le cúrsaí núicléacha ag an am céanna. Bhí tairbhe ar leith sa Chlár do na Ballstáit is lú go háirithe, a bhí in ann leas a bhaint as barainneachtaí scála agus as rochtain oscailte ar shaoráidí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde. Na Ballstáit nach n-úsáideann cumhacht núicléach, ghlac siad páirt go príomha i dtionscadail maidir leis an gcosaint ar radaíocht, feidhmeanna leighis agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí. Ghlac cuid acu páirt freisin i dtaighde ar an tsábháilteacht núicléach agus ar shonraí núicléacha chun inniúlachtaí tábhachtacha a choinneáil ar bun sna réimsí sin.

Tar éis na meastóireachta *ex post*, leis an meastóireacht eatramhach ar Chlár 2021-2025 deimhnítear ábharthacht leanúnach an chláir agus deimhnítear leis an tacaíocht nach beag atá tugtha aige d'úsáid shábháilte shlán teicneolaíochtaí núicléacha trí bhíthin a phunainne taighde leathain de ghníomhaíochtaí díreacha agus indíreacha.

Leis an meastóireacht thángthas ar an gconclúid go soláthrófaí leanúnachas sa taighde maidir le hoibriú sábháilte gléasraí cumhachta núicléiche atá ann cheana san Eoraip agus maidir le measúnú sábháilteachta a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua imoibreora ach raon feidhme

---

17 *Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Meastóireacht ex post ar Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom 2014-2020* (COM(2024) 549 final, 28.11.2024).

18 Arna bhunú le Rialachán (Euratom) Uimh. 1314/2013 ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 maidir le Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (2014-2018) lena gcomhlánaítear Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (IO L 347, 20.12.2013, lch. 948, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1314/oj) agus Rialachán (Euratom) 2018/1563 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2018 maidir le Clár Taighde agus Traenála an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (2019-2020) lena gcomhlánaítear Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena leasaítear Rialachán (Euratom) Uimh. 1314/2013 (IO L 262, 19.10.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1563/oj).

19 *Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Meastóireacht eatramhach ar Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom 2021-2025* (COM(2025) NNN, LL.MM.2025).

agus buiséad an Chláir le haghaidh taighde ar eamhnú a choinneáil ar bun ar an leibhéal céanna le Clár 2021-2025. Mar sin féin, beidh cistiú do thionscadail taighde sa réimse sin an-roghnach, ós rud é gur ar chomhpháirtíochtaí comhchistithe a chaithfear an chuid is mó den bhuiséad eamhnúcháin. Ní bheidh raon feidhme ná leibhéal an chistithe atá ann faoi láthair leordhóthanach ach an oiread más mian leis an Aontas (i) breith suas le hiomaitheoirí idirnáisiúnta, (ii) aghaidh a thabhairt ar phríomh-shaincheisteanna maidir le forbairt imoibreoirí modúlacha beaga, ardbhreoslaí agus timthriallta breosla, agus (iii) scileanna núicléacha a mhéadú go substaintiúil san Aontas.

Leis an gClár ba cheart leanúint de chistiú a sholáthar in 2026-2027 do na Comhpháirtíochtaí Eorpacha comhchistithe sa taighde ar eamhnú: PIANOFORTE (cosaint ar radaíocht), EURAD-2 (bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí) agus Connect-NM (ábhair núicléacha). Is toradh iad na Comhpháirtíochtaí sin ar iarrachtaí fadtéarmacha an phobail taighde, na bpáirtithe leasmhara agus na mBallstát ar dhul chun cinn a dhéanamh in éineacht le clár oibre coiteann um thaighde agus ar aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin sna réimsí uile lena mbaineann. Cé go bhfuil dul chun cinn eolaíoch déanta go dtí seo, déanfaidh an Coimisiún gach iarracht tuilleadh feabhais a chur ar eagrú agus ar oibriú na gcomhpháirtíochtaí chun a áirithiú go leanfaidh an taighde a chistítear le Clár Euratom de bheith ábhartha do shaoránaigh uile an Aontais agus go dtabharfaidh sé aghaidh ar na dúshláin is práinní maidir le cosaint ar radaíocht, bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí agus ábhair núicléacha. Tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar na comhpháirtíochtaí chun na peirspictíochtaí fadtéarmacha maidir le raon leathan páirtithe leasmhara agus Ballstát a mheas go córasach ar bhealach inbhuanaithe.

Tá an-toradh ar an taighde ar chomhleá arna chistiú ag Euratom, ach ní leor é chun fuinneamh comhleá a thabhairt chuig an margadh in am chun tacú le hiarrachtaí dícharbónaithe an Aontais agus chun borradh a chur faoin iomaíochas. Is gá na saincheisteanna agus na rioscaí criticiúla, a bhaineann le tógáil an ghléasra cumhachta comhleá, a shainaithint, gléasra lenar cheart an taighde arna chistiú ag Euratom a spreagadh anois agus sna blianta amach romhainn, ag brath ar thionscnaimh a bhí ann roimhe seo agus ar thionscnaimh leanúnacha faoi stiúir an Aontais, go háirithe ITER. Is é an chéad chéim a bhí ann an Grúpa saineolaithe um Chomhleá de chuid an Choimisiúin[20] a bhunú in 2024, ar grúpa é, amhail an Coiste Comhairleach um Chomhleá a bhí ann roimhe seo[21], lena dtugtar le chéile na Ballstáit i gcomhlacht comhairleach chun tacú le stiúradh, comhordú agus comhchuibhiú tionscnamh a bhaineann le comhleá san Aontas.

Ní mór forbairt a theacht ar an gClár sa dóigh go dtabharfar aghaidh ar scrogaill teicneolaíochta a bhfuil fócas agus infheistíocht bhreise ag teastáil ina leith, agus ag an am céanna níos mó maoiniú príobháideach agus taithí thionscail a bheith ann agus comhar idirnáisiúnta le comhpháirtithe iontaofa a mhéadú i gcás ina bhfuil breisluach soiléir ann don Aontas. Tá tús curtha ag an gCoimisiún cheana féin le Comhpháirtíocht Eorpach chomhchláraithe a ullmhú sa réimse sin, ar comhpháirtíocht í lena dtabharfar le chéile páirtithe leasmhara san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Le gníomhaíochtaí 2026-2027 réiteofar an bealach don chomhpháirtíocht sin atá dírithe ar gharspriocanna agus do ghníomhaíochtaí nuálaíochta forlíontacha. Ciallaíonn comhpháirtíocht nua den chineál sin freisin go mbeidh athmhachnamh le déanamh ar ról agus ar ghníomhaíochtaí EUROfusion, a mbeidh ról mór aige maidir le bunphrionsabail na heolaíochta comhleá a fhorbairt. Cuirfear

[20] Grúpa saineolaithe de chuid an Choimisiúin E03929.
[21] Cinneadh ón gComhairle an 16 Nollaig 1980 lena mbunaítear Coiste Comhairleach le haghaidh an Chláir Comhleá (nár foilsíodh san Iris Oifigiúil).

tuilleadh sonraí ar fáil sa Teachtaireacht maidir le straitéis an Aontais um chomhleá amach anseo, ar teachtaireacht í atá á hullmhú faoi láthair.

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go dtairbhíonn Comhphobal Euratom agus roinnt páirtithe leasmhara seachtracha de JRC trí anailísí agus staidéir an-ábhartha a sholáthar ar raon iomlán na ngníomhaíochtaí idir an tsábháilteacht núicléach agus slándáil núicléach agus coimircí núicléacha. Anailísí maidir le bealaí chun dramhaíl núicléach a chóireáil, a íoslaghdú agus a athchúrsáil nó chun a saintréithe agus a n-iompar a mheas, is anailísí iad sin a measadh a bhí thar a bheith tábhachtach d'earnáil núicléach na hEorpa. Trí shonraí núicléacha, tomhais núicléacha agus ábhair thagartha núicléacha a sholáthar, chuir JRC go mór leis an measúnú sábháilteachta agus slándála a rinneadh ar na córais atá ann faoi láthair agus ar na teicneolaíochtaí a bheidh ann amach anseo amhail imoibreoirí modúlacha beaga. I réimse na gcoimircí núicléacha agus an neamhleata núicléach, rannchuidigh saineolas agus taighde JRC go mór ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon, agus b'amhlaidh a rannchuidigh mar chuid de chlár an Choimisiúin chun tacú leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (GIFA).

Tá tionscadail JRC le haghaidh feidhmeanna neamhchumhachta chomh hábhartha céanna agus rannchuidigh siad le spriocanna beartais an Aontais a chur chun cinn i réimsí an leighis agus an spáis. Maidir le torthaí an taighde ar ghníomhaíochtaí díreacha, rannchuidíonn siad ar bhealach leanúnach fíor-riachtanach le húsáid shábháilte shlán na teicneolaíochta núicléiche. Chuir gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna JRC breisluach mór ar fáil do Bhallstáit an Aontais, breisluach ba mhó i bhfad ná na hacmhainneachtaí ar an leibhéal náisiúnta. Lena ghníomhaíochtaí díreacha i réimse an oideachais agus na hoiliúna mar aon leis an rochtain ar a shaoráidí núicléacha, comhlánaíonn siad acmhainneachtaí na mBallstát agus is breisluach ard iad ar leibhéal an Aontais, a rannchuidíonn le taighde neamhspleách laistigh de Chomhphobal Euratom. Le gníomhaíochtaí díreacha JRC tacaítear freisin le cur chun feidhme bheartais an Aontais maidir leis an tsábháilteacht núicléach, bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, cosaint ar radaíocht, coimircí núicléacha chomh maith le tionscnaimh neamhleata, agus tacaítear freisin leis an bhfaireachán ar na beartais chéanna.

Mar chuid dá straitéis maidir lena ghníomhaíochtaí núicléacha agus i gcomhréir le moltaí ón meastóireacht eatramhach, díreoidh JRC ar úsáid a bhonneagar núicléach a bharrfheabhsú agus ar oibriú inbhuanaithe na mbonneagar sin a áirithiú. Tá JRC ag leanúint ar aghaidh leis an bhfoirgneamh nua in Karlsruhe (Wing M) a thógáil agus tá sé ag obair chun gníomhaíochtaí turgnamhacha ina n-úsáidtear ábhair radaighníomhacha a dhíriú ar dhá shuíomh (Karlsruhe agus Geel). Agus úsáid á baint ag JRC as an gcur chuige nua punainne ina chlár oibre, leanfaidh sé d'fheabhas a chur ar shineirgí ar fud réimsí éagsúla taighde, agus an leas is fearr á bhaint as gníomhaíochtaí núicléacha agus neamhnúicléacha araon. Cuirfidh JRC feabhas freisin ar a chumas fadbhreathnaitheachta agus bainfidh sé úsáid níos fearr as na hacmhainneachtaí atá aige faoi láthair chun anailís a dhéanamh ar threochtaí agus chun a chuid taighde núicléach féin a shainiú. Cuirfidh sé eolas eolaíoch úsáideach ar fáil do na Ballstáit freisin chun a straitéisí náisiúnta maidir le dramhaíl radaighníomhach a fhorbairt agus cuideoidh sé leo taithí agus dea-chleachtais a roinnt. I réimse na n-inniúlachtaí núicléacha, chomh maith le leanúint d'oiliúint speisialaithe a sholáthar, leanfaidh JRC de mhodheolaíochtaí a fhorbairt chun tacú le measúnú agus faireachán na mBallstát ar riachtanais acmhainní daonna san earnáil núicléach trí bhíthin na Faireachlainne Eorpaí um Acmhainní Daonna don Earnáil Núicléach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ó mhí an Mhárta 2024 go mí na Bealtaine 2024, rinne an Coimisiún glao comhpháirteach ar fhianaise agus comhairliúchán poiblí maidir leis an meastóireacht eatramhach ar Chlár 2021-2025 agus maidir le hullmhú an togra seo[22]. Thug an comhairliúchán sin léargais luachmhara ar éifeachtacht an Chláir agus cuireadh i dtábhacht leis na príomhréimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu. Léiríodh ann ardleibhéal rannpháirtíochta ó pháirtithe leasmhara i dtionscadail arna gcistiú ag Euratom agus sainaithníodh ann tairbhí agus dúshláin an Chláir. Soláthraítear tuilleadh sonraí in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an doiciméad inmheánach oibre maidir leis an meastóireacht eatramhach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Le linn don Choimisiún an mheastóireacht eatramhach a dhéanamh agus a thogra a tharraingt suas, thionóil sé roinnt cruinnithe le páirtithe leasmhara, bhailigh sé ionchur agus bhain sé leas as saineolas ó na foinsí seo a leanas:

– tuairim ó CET Euratom maidir le tosaíochtaí don taighde agus don oiliúint núicléach Eorpach[23];

– tuarascáil neamhspleách ó phainéal saineolaithe chun measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí díreacha JRC mar chuid den thacaíocht arna tabhairt don mheastóireacht eatramhach ar Chlár 2021-2025[24];

– tuarascálacha neamhspleácha ó shaineolaithe aonair maidir leis na gníomhaíochtaí indíreacha mar chuid den mheastóireacht eatramhach ar Chlár 2021-2025[25];

– an mheastóireacht eatramhach ar an gComhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá á Fhorbairt[26];

– an Cruinniú Comhchéime Ardleibhéil Eorpach maidir leis an Nuálaíocht Comhleá a Chothú an 14 Márta 2024[27];

– treoirphlean an Aontais maidir le fuinneamh comhleá an 23 Aibreán 2024[28];

– toradh chruinniú na bpáirtithe leasmhara maidir le '*Euratom Research in Action and Opportunities for Europe* [Taighde Euratom maidir le Gníomhaíocht agus Deiseanna le haghaidh na hEorpa]'[29].

---

22 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/14180-Euratom-research-and-training-programme-for-2026-2027_ga

23 STC-2023-16 FINAL, 20.10.2023.

24 COM(2025) NNN.

25 Ibid.

26 *Meastóireacht eatramhach maidir le cur chun feidhme Chinneadh (Euratom) 2021/281 ón gComhairle an 22 Feabhra 2021 lena leasaítear Cinneadh 2007/198/Euratom lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus lena dtugtar buntáistí dó* (COM(2025) NNN, DD.MM.2025).

27 An Coimisiún Eorpach: An tArd-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht, Capisani, L., Camus, C. agus Papadopoulou, M., *Fostering fusion innovation — High-Level European Round Table* [Nuálaíocht comhleá a chothú — an Cruinniú Comhchéime Ardleibhéil Eorpach], Capisani, L.(eagarthóir), Camus, C.(eagarthóir) agus Papadopoulou, M.(eagarthóir), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2777/621539.

28 Treoirphlean an Aontais maidir le fuinneamh comhleá: https://energy.ec.europa.eu/events/eu-blueprint-fusion-energy-2024-04-23_ga

29 An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht, Rossetti di Valdalbero, D. agus Janatkova, K., *Euratom research in action and opportunities for Europe — EU strategic*

- **Measúnú tionchair**

Tá an togra seo á thacú leis an meastóireacht eatramhach ar Chlár 2021-2025, inar cuireadh i láthair a bhfuil bainte amach ag an gClár sin agus inar moladh feabhsuithe atá ábhartha do 2026-2027 freisin.

Cinneadh an mheastóireacht eatramhach a úsáid mar bhonn fianaise chun an togra a ullmhú seachas measúnú tionchair *ex ante* a dhéanamh, ós rud é go gcumhdaíonn Clár Euratom 5 bliana (seachas 7 mbliana i gcás fhormhór na gclár caiteachais CAI) agus ós rud é nach bhfuil aon impleacht airgeadais nua ag an togra. Measadh gur chomhlíon an mheastóireacht eatramhach ceanglais an Rialacháin Airgeadais maidir le meastóireacht *ex ante* ós rud é go bhfuil sí sách nua agus ós rud é go gcoinneoidh an Clár atá beartaithe anseo príomhghnéithe an chláir a bhí ann roimhe.

Baineadh úsáid freisin as torthaí an mheasúnaithe tionchair *ex ante* le haghaidh Chlár 2021-2025[30] i gcás inar thorthaí iad atá fós ábhartha.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Amhail an clár a tháinig roimhe, cuirfear an Clár chun feidhme trí úsáid a bhaint as ionstraimí agus rialacha rannpháirtíochta agus scaipthe an chláir Fís Eorpach. Beidh feidhm freisin ag bearta simpliúcháin a tugadh isteach cheana sa chlár Fís Eorpach maidir le hiarratasóirí agus tairbhithe an Chláir. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh simpliú breise ann mar thoradh ar an meastóireacht eatramhach ar an gclár Fís Eorpach, simpliú a mbeidh feidhm aige maidir le Clár Euratom. Le torthaí an chomhairliúcháin phoiblí maidir leis an meastóireacht eatramhach ar Chlár 2021-2025, léirítear gur laghdaíodh an t-ualach riaracháin leis na bearta a cuireadh chun feidhme go dtí seo, amhail rialacha iniúchóireachta is simplí agus aitheantas a bheith tugtha do ghnáthchleachtais chuntasaíochta an tairbhí, agus gur cheart leanúint den phróiseas simpliúcháin. Coinneofar an liosta aonair cuspóirí le haghaidh gníomhaíochtaí díreacha agus indíreacha, lenar simplíodh a thuilleadh struchtúr agus meastóireacht an Chláir. Déantar iniúchadh níos mionsonraithe sa mheastóireacht eatramhach ar na tionchair is dócha a bheidh ag an simpliú agus ag an ualach riaracháin laghdaithe.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an rialachán atá beartaithe, urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Le hAithris 21 den rialachán atá beartaithe áirithítear go bhfuil gníomhaíochtaí an Chláir i gcomhréir leis an gCairt freisin.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Leis an mbuiséad don togra seo úsáidtear praghsanna reatha. Leis an ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra leagtar amach na himpleachtaí i dtéarmaí an bhuiséid agus i dtéarmaí acmhainní daonna agus riaracháin. Táthar ar an eolas faoi na himpleachtaí sin ó comhaontaíodh an t-imchlúdach airgeadais le haghaidh Chláir Euratom do CAI 2021-2027.

---

*autonomy and the future energy systems — EU Small Modular Reactors (SMRs) Declaration* [Taighde Euratom maidir le Gníomhaíocht agus Deiseanna le haghaidh na hEorpa - uathriail straitéiseach an Aontais agus na córais fuinnimh amach anseo - Dearbhú maidir le hImoibreoirí Modúlacha Beaga an Aontais, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, https://data.europa.eu/doi/10.2777/911262.

30 SWD(2018) 307 final.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuirfidh an Coimisiún an Clár chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach agus bainistíocht indíreach ag Comhpháirtíochtaí Eorpacha (féach Airteagal 6(1) den togra).

Na socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe le haghaidh an Chláir, is socruithe iad a bhunófar ar shocruithe an chláir a bhí ann roimhe. Déanfar meastóireacht deiridh laistigh de 4 bliana tar éis thabhairt i gcrích an Chláir chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhí aige ar an láthair. Beidh gníomhaíochtaí díreacha agus indíreacha faoi réir meastóireacht deiridh choiteann.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar amach i gCaibidil I na forálacha ginearálta le haghaidh an rialacháin atá beartaithe. Áirítear ann airteagail maidir le hábhar, sainmhínithe, cuspóirí an Chláir, buiséad, comhlachas tríú tíortha leis an gClár, cur chun feidhme agus cineálacha cistiúcháin, Comhpháirtíochtaí Eorpacha, eolaíocht oscailte, gníomhaíochtaí incháilithe agus rialacha rannpháirtíochta, agus cistiú carnach, malartach agus comhcheangailte.

Níl d'athruithe ann, i gcomparáid le Caibidil 1 de Rialachán (Euratom) 2021/765, ach na hathruithe is gá chun an téacs a thabhairt cothrom le dáta leis an tréimhse nua a chumhdaítear leis an gClár, chun an t-imchlúdach airgeadais a thabhairt cothrom le dáta agus chun forálacha cúlghabhálachta a bhaint, ós rud é go meastar go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm roimh thús an Chláir.

Le Caibidil II ('Clársceidealú, faireachán, meastóireacht agus rialú') cuimsítear forálacha maidir le cláir oibre, faireachán agus tuairisciú, faisnéis, cumarsáid, poiblíocht agus scaipeadh agus saothrú, meastóireacht, iniúchtaí, an nós imeachta coiste agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Níl aon athrú á bheartú ansin, seachas deireadh a chur leis an gceanglas maidir le meastóireacht eatramhach agus atheagrú iarmhartach ar Airteagal 14.

Níl ach mion-nuashonruithe á mbeartú le haghaidh Chaibidil III ('Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha'), lena n-áirítear Rialachán (Euratom) 2021/765 a aisghairm, agus 'Forálacha idirthréimhseacha' agus 'Teacht i bhfeidhm' a thabhairt cothrom le dáta. Níl gá le forálacha cúlghabhálachta a thuilleadh agus baineadh iad.

Ní dhéanfar ach dhá athrú ar ghníomhaíochtaí an Chláir (Iarscríbhinn I). Is é an chéad athrú atá ann foráil a chur isteach chun leanúnachas sa chistiú a áirithiú do Chomhpháirtíochtaí Eorpacha agus do ghníomhaíochtaí leanúnacha eile a bhféadfadh breisiú a bheith ag teastáil ina leith[31]. Leis an bhforáil sin, beidh an Coimisiún, trí bhíthin clár oibre, in ann leanúint de dheontais arna ndámhachtain faoi Chlár 2021-2025 a chistiú agus beidh sé in ann an tréimhse 7 mbliana de CAI 2021-2027 a chumhdach go héifeachtach.

[31] Bhí foráil chomhchosúil i gClár Euratom 2019-2020 (an 'síneadh' a cuireadh le Clár 2014-2018). Féach pointe (i) 'An clár comhleá Eorpach' san fhoroinn 'Gníomhaíochtaí indíreacha' faoin roinn 'Gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun cuspóirí an chláir a bhaint amach' in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (Euratom) 2018/1563 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2018 maidir le Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (2019-2020) lena gcomhlánaítear Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena leasaítear Rialachán (Euratom) Uimh. 1314/2013 (IO L 262, 19.10.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1563/oj).

Maidir leis an dara hathrú ar Iarscríbhinn I, tá sé i Roinn (c) maidir le taighde ar chomhleá, athrú lena ndéantar foráil maidir le cistiú le haghaidh taighde sa réimse sin sa bhreis ar an gcistiú a sholáthraítear don Chomhpháirtíocht Eorpach chomhchistithe. I gcomhréir le torthaí na meastóireachta eatramhaí, leis an gcistiú breise sin tacófar le gníomhaíochtaí lena dtabharfar aghaidh ar na scrogaill is mó san fhorbairt comhleá agus beidh an earnáil phríobháideach rannpháirteach ann. Cuirfear tacaíocht ar fáil le glaonna ar thograí.

2025/0035 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach le haghaidh na tréimhse 2026-2027 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 7 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eolaíoch agus Teicniúil,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhphobal') an caighdeán maireachtála sna Ballstáit a fheabhsú trí thaighde núicléach a chur chun cinn agus a éascú sna Ballstáit agus é a chomhlánú trí chlár taighde agus oiliúna de chuid an Chomhphobail a chur i gcrích.

(2) Is féidir don taighde núicléach rannchuidiú leis an bhfolláine shóisialta, leis an rathúnas eacnamaíoch agus leis an inbhuanaitheacht comhshaoil trí fheabhas a chur ar an tsábháilteacht núicléach, ar an tslándáil núicléach agus ar an gcosaint ar radaíocht. Leis an taighde ar an gcosaint ar radaíocht, tá feabhas tagtha ar theicneolaíochtaí leighis dá dtairbhíonn saoránaigh go leor agus is féidir don taighde sin a bheith ina chúis le feabhsuithe ar earnálacha eile amhail an tionscal, an talmhaíocht, an comhshaol agus an tslándáil.

(3) Agus lánurraim á tabhairt do cheart na mBallstát cinneadh a dhéanamh faoin meascán fuinnimh a bheidh acu, d'fhéadfadh torthaí taighde an chláir a bhunaítear leis an Rialachán seo cur le haistriú chuig córas fuinnimh, atá neodrach ó thaobh díobháil aeráide de, ar bhealach sábháilte, éifeachtach, slán.

(4) Chun leanúnachas an taighde núicléach ar leibhéal an Chomhphobail a áirithiú, is gá Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail a bhunú le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2027 ('Clár Euratom') ionas go mbeidh fad a thréimhse ailínithe le fad tréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[1]. Le Clár Euratom, ba cheart leanúint de phríomhghníomhaíochtaí taighde na gclár a bhí ann roimhe a chur i gcrích, agus na cuspóirí céanna ag gabháil leis agus úsáid á bhaint as an modh cur chun feidhme céanna.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

(5) Sa Tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an meastóireacht eatramhach ar Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom 2021-2025[2], cuireadh i dtábhacht ábharthacht na ngnéithe éagsúla de Chlár Euratom. Ina measc: (i) an phunann taighde fhairsing lena dtacaítear leis an tsábháilteacht núicléach, leis an tslándáil núicléach agus le coimircí núicléacha, le cosaint ar radaíocht agus le feidhmeanna neamhchumhachtacha; (ii) breisluach AE i gcás taighde ar eamhnú; (iii) tacaíocht do pháirtithe leasmhara trí shábháilteacht fheabhsaithe agus tríd an mbonn eolais chun oibriú sábháilte fadtéarmach na ngléasraí cumhachta núicléiche atá ann faoi láthair a áirithiú; (iv) an cás sábháilteachta, slándála agus coimircí le haghaidh ardchórais núicléacha a thógáil; (v) an taighde ar chomhleá a fhorbairt a thuilleadh trí rialachas a fheabhsú; agus (vi) tosaíochtaí an chláir a shainiú agus conairí níos inchreidte agus níos réalaíche a shainaithint. Ba é conclúid na tuarascála nach mór na gnéithe sin a choinneáil ar bun sa síneadh a chuirfear leis an gClár.

(6) Déantar Clár Euratom a cheapadh agus a dhearadh in aghaidh an ghá atá le mais chriticiúil a bhunú de ghníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh. Déantar amhlaidh trí líon teoranta de chuspóirí sonracha a bhunú, ar cuspóirí iad atá dírithe ar úsáid shábháilte a bhaint as eamhnú núicléach i gcomhair feidhmeanna cumhachta agus neamhchumhachta, ar an saineolas is gá a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, ar fhuinneamh comhleá a chothú agus ar thacaíocht a thabhairt do bheartais an Aontais agus a Bhallstát maidir leis an tsábháilteacht núicléach, coimircí núicléacha agus an tslándáil núicléach.

(7) Is cuid ríthábhachtach é Clár Euratom d'iarrachtaí an Aontais maidir le ceannaireacht theicneolaíoch a fhorbairt a thuilleadh agus barr feabhais sa taighde agus nuálaíocht núicléach a chur chun cinn, agus maidir lena áirithiú go mbaintear amach na caighdeáin is airde i dtaca le sábháilteacht, slándáil, coimircí, cosaint ar radaíocht, breosla spíonta sábháilte, bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus díchoimisiúnú sa réimse núicléach, i gcomhréir le cuspóirí an chláir a leagtar amach sa Rialachán seo.

(8) Ós rud é go mbaineann na Ballstáit uile úsáid as ábhair radaighníomhacha, tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú ar bhealach freagrach agus sábháilte, mar a cheanglaítear le Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle[3], chun nach bhforchuirtear ualaí míchuí ar na glúnta atá le teacht. Le Clár Euratom, ba cheart leanúint de bheith ag feabhsú taighde agus forbairt a bhaineann le teicneolaíochtaí agus inniúlachtaí i réimse an bhainistithe ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach, agus leis an gclár ba cheart leanúint de bheith ag tacú leis an taighde agus forbairt sin freisin.

(9) I gcomhthéacs an Rialacháin seo, tá an taighde ar an bhfuinneamh comhleá á chur chun feidhme i gcomhréir leis an Treochlár Comhleá Eorpach, ina leagtar amach an taighde agus na forbairtí a theastaíonn chun bonn a sholáthar do ghléasra cumhachta comhleá ginte leictreachais, agus i gcomhréir le Cinneadh 2007/198/Euratom ón

---

[2] *Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Meastóireacht eatramhach ar Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom 2021-2025* (COM(2025) NNN, DD.MM.2025).

[3] Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear Creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach (IO L 199, 2.8.2011, lch 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/70/oj).

gComhairle[4]. Sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, is é is tábhachtaí go dtabharfaí i gcrích tógáil agus oibriú tosaigh ITER agus le clár láidir taighde ar an gcomhleá ba cheart gníomhaíochtaí na hEorpa maidir le ITER a chomhlánú chun tacú leis na hoibríochtaí ITER a bheidh ann amach anseo agus leis an ullmhúchán don chéad ghléasra cumhachta comhleá.

(10) Trí thacú leis an taighde núicléach, le Clár Euratom, ba cheart rannchuidiú le cuspóirí an chláir Fís Eorpach- an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht ('Fís Eorpach') a bhaint amach, ar clár é a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], agus leis an gclár céanna ba cheart freisin éascaíocht a dhéanamh do chur chun feidhme straitéis Eoraip 2030 agus do neartú an limistéir Eorpaigh taighde.

(11) Ba cheart, le Clár Euratom, sineirgí a lorg leis an gclár Fís Eorpach agus le cláir eile de chuid an Aontais, idir a ndearadh agus phleanáil straitéise, trí roghnú tionscadal, bainistiú, cumarsáid, leathadh agus saothrú torthaí, mar aon le faireachán, iniúchadh agus rialachas.

(12) Ba cheart gníomhaíochtaí Chlár Euratom a bheith comhréireach, gan maoiniú príobháideach a dhúbláil ná a phlódú agus a cheart breisluach soiléir a bheith acu don Eoraip. Áiritheoidh an méid sin an chomhsheasmhacht idir gníomhaíochtaí Chlár Euratom agus rialacha an Aontais maidir le státchabhair, agus rud a fhágfaidh go seachnófar saobhadh míchuí iomaíochta sa mhargadh inmheánach.

(13) Cé gur faoi gach Ballstát atá sé a roghnú úsáid a bhaint nó gan a bhaint as an gcumhacht núicléach, aithnítear freisin go mbíonn róil dhifriúla ag an bhfuinneamh núicléach sna Ballstáit éagsúla. Le Clár Euratom rannchuideofar freisin le plé leathan a chothú i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile maidir leis na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann leis an bhfuinneamh núicléach.

(14) D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ann i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, ba cheart le Clár Euratom tacaíocht a thabhairt trí bhíthin ranníocaíochtaí airgeadais chun go mbeidh taighdeoirí sa réimse núicléach incháilithe chun tairbhiú de Marie Skłodowska-Curie Actions (MSCA) ar comhchéim le taighdeoirí i réimsí eile.

(15) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais d'fhad tréimhse iomlán Chlár Euratom arb éard a bheidh ann an méid príomhthagartha, de réir bhrí phointe 18 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[6], do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

---

4 Cinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus lena dtugtar buntáistí dó (IO L 90, 30.3.2007, lch. 58, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2007/198/oj).

5 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

6 IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

(16) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] ('an Rialachán Airgeadais') maidir le Clár Euratom. Leis an Rialachán Airgeadais, leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, soláthar, bainistíocht indíreach, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh airgeadais agus aisíocaíocht a dhéanamh le saineolaithe seachtracha. Cuimsítear freisin leis na rialacha a glacadh ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.

(17) Maidir leis na cineálacha maoiniúcháin agus na modhanna cur chun feidhme a úsáidfear faoin Rialachán seo, ba cheart iad a roghnú ar bhonn a n-oiriúnachta maidir le cuspóirí sonracha a ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus maidir le torthaí a bhaint amach, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar na costais rialuithe, ar an ualach riaracháin agus ar an riosca neamh-chomhlíontachta a mheastar a bheith ann. Maidir le deontais, ba cheart a chuimsiú leis sin breithniú ar úsáid cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe agus ar chostais aonaid.

(18) Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar rannpháirtíocht leordhóthanach na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) agus na hearnála príobháidí i gcoitinne a áirithiú. Ba cheart measúnuithe cainníochtúla agus cáilíochtúla a dhéanamh ar rannpháirtíocht FBManna mar chuid de na socruithe meastóireachta agus faireacháin.

(19) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na gníomhaíochtaí a fhorbrófar faoi Chlár Euratom deireadh a chur leis an neamhionannas inscne agus an comhionannas idir fir agus mná sa taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 8 de CFAE. Ba cheart an ghné inscne a chomhtháthú sa taighde agus nuálaíocht agus ba cheart leanúint den ghné sin ag gach céim den timthriall taighde.

(20) Chun an caidreamh idir an eolaíocht agus an tsochaí a láidriú agus muinín an phobail san eolaíocht a neartú, le clár Euratom ba cheart tús áite a thabhairt do rannpháirtíocht eolach na saoránach agus na sochaí sibhialta i ndáil le hábhair thaighde agus nuálaíochta tríd an oideachas eolaíochta a chur chun cinn, trí rochtain níos fearr ar an eolas eolaíoch a sholáthar, trí chláir oibre fhreagracha maidir le taighde agus le nuálaíocht a fhorbairt lena bhfreastalaítear ar ábhair imní agus ar ionchas na saoránach agus na sochaí sibhialta agus trína n-éascaítear rannpháirtíocht na saoránach agus na sochaí sibhialta i ngníomhaíochtaí faoi Chlár Euratom.

(21) Le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chlár Euratom, ba cheart na cearta bunúsacha a urramú agus cloí leis na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go háirithe.

(22) Is den tábhacht go leanfar d'éascaíocht a dhéanamh ar shaothrú na maoine intleachtúla a fhorbróidh na rannpháirtithe, agus leasanna dlisteanacha rannpháirtithe eile agus an Chomhphobail a chosaint ag an am céanna i gcomhréir le Teideal II, Caibidil 2 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ('Conradh Euratom').

(23) Chun an tionchar is fearr is féidir a bhaint as an gcistiú ó Euratom a áirithiú, féadfaidh an Comhphobal, i gcás inarb iomchuí, breithniú a dhéanamh ar Chomhpháirtíochtaí

[7] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

Eorpacha le comhpháirtithe ón earnáil phoiblí nó ón earnáil phríobháideach ar choinníoll gur féidir an tionchar inmhianaithe a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí i gcomhpháirtíocht ná mar a dhéanfadh an Comhphobal as féin, nuair a chuirtear i gcomparáid iad le cineálacha eile tacaíochta de chuid Chlár Euratom. Ba cheart a áirithiú leis an Rialachán seo go mbeidh cur chuige soiléir ag baint le comhpháirtíochtaí den sórt sin, ar cur chuige é atá bunaithe ar shaolré na gComhpháirtíochtaí Eorpacha, agus go leanfaidh na comhpháirtíochtaí sin próiseas trédhearcach roghnúcháin agus cinnteoireachta i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/695.

(24) Ba cheart é a bheith indéanta freisin aghaidh a thabhairt ar chuspóirí Chlár Euratom trí bhíthin ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha faoi chláir atá bunaithe ar CFAE, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh na gníomhaíochtaí cuspóirí agus rialacha na gclár sin.

(25) Chun an cur chun feidhme is éifeachtaí is féidir a áirithiú agus creat comhleanúnach cuimsitheach trédhearcach a bheith ann do na tairbhithe, ba cheart an rannpháirtíocht i gClár Euratom mar aon le scaipeadh na dtorthaí taighde, a bheith faoi réir rialacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/695, maille le roinnt modhnuithe agus eisceachtaí. Na sainmhínithe ábhartha agus na príomhchineálacha gníomhaíochta a leagtar amach sa Rialachán sin, ba cheart feidhm a bheith maidir le clár Euratom.

(26) Tá sé léirithe gur sásra coimirce tábhachtach atá sa chiste um ráthaíocht rannpháirtithe a bunaíodh faoin gClár Fís 2020 arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] agus a ndéanann an Coimisiún bainistiú air, ar sásra é lena maolaítear na rioscaí a bhaineann leis na méideanna atá dlite agus nach bhfuil aisíoctha ag rannpháirtithe mainneachtana. Dá bhrí sin, ba cheart leanúint leis an sásra coimirce sin. Leis an sásra árachais fhrithpháirtigh, a bunaíodh de bhun Rialachán (AE) 2021/695, ba cheart gníomhaíochtaí a dhéantar faoi chuimsiú an Rialacháin seo a chumhdach.

(27) Ba cheart don Airmheán Comhpháirteach Taighde ('JRC') leanúint d'fhianaise neamhspleách eolaíoch, a bheidh dírithe ar chustaiméirí, agus tacaíocht theicniúil a sholáthar don Aontas agus do na Ballstát, mar is iomchuí, ar feadh thimthriall iomlán na mbeartas. Ba cheart gníomhaíochtaí díreacha JRC a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha, éifeachtúil, trédhearcach, agus riachtanais ábhartha úsáideoirí JRC agus riachtanais bheartais an Aontais, go háirithe i réimse na sábháilteachta núicléiche, na gcoimircí núicléacha agus na slándála núicléiche, á gcur san áireamh, agus an chosaint ar leasanna airgeadais an Aontais á háirithiú. De réir na gconclúidí ón gComhairle an 26 Aibreán 1994 maidir le ról JRC, ba cheart don JRC leanúint d'acmhainní breise a ghiniúint trí bhíthin gníomhaíochtaí iomaíocha tacaíochta do bheartais an Aontais nó thar ceann tríú páirtithe. Ba cheart JRC a bheith in ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí indíreacha, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa chlár oibre ábhartha.

(28) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], agus Rialacháin (CE, Euratom)

---

[8] Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1291/oj).

[9] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Uimh. 2988/95[10], (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[11] agus (AE) 2017/1939 ón gComhairle[12], ní mór leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, lena n-áirítear calaois, le haisghabháil cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart agus, i gcás inarb iomchuí, le pionóis riaracháin a fhorchur. Go sonrach, i gcomhréir le Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, tá sé de chumhacht ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

Cumhachtaítear Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, chun coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], a imscrúdú agus a ionchúiseamh. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistiú ón Aontas ní mór dó oibriú i gcomhar go hiomlán maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i leith na mBallstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OIPE, agus ní mór dó a áirithiú, maidir le haon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí ón Aontas, go dtabharfaidh sé cearta coibhéiseacha.

(29) Féadfaidh tríú tíortha a bheith rannpháirteach ar bhonn a n-ionstraimí dlí féin. Ba cheart foráil ar leith a thabhairt isteach leis an Rialachán seo lena gcuirfear de cheangal ar thríú tíortha na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun go bhféadfaidh siad a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú go cuimsitheach.

(30) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun na gníomhaíochtaí faoi Chlár Euratom a chur chun feidhme agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14].

---

agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).

10 Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/2988/oj).

11 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj).

12 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

13 Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1371/oj).

14 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(31) De bhun mhíreanna 22 agus 23 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[15], ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar Chlár Euratom ar bhonn na faisnéise arna bailiú i gcomhréir le ceanglais faireacháin shonracha, agus ag an am céanna ualach riaracháin, go háirithe ar na Ballstáit, agus ró-rialáil, á seachaint. Ar na ceanglais sin ba cheart a chuimsiú, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí Chlár Euratom ar an láthair.

(32) Maidir le Bord Gobharnóirí JRC, a bunaíodh le Cinneadh 96/282/Euratom ón gCoimisiún[16], chuathas i gcomhairle leis maidir le hinneachar eolaíoch agus teicneolaíoch ghníomhaíochtaí díreacha JRC.

(33) Chuathas i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa ar bhonn deonach agus tá tuairim tugtha uaithi[17]. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar bhonn deonach agus tá tuairim tugtha uaidh[18].

(34) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ba cheart Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle[19] a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I

# Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leis an Rialachán seo, bunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2027 ('Clár Euratom') agus na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh i ngníomhaíochtaí indíreacha faoi Chlár Euratom, de chomhlánú ar an gclár Fís Eorpach.

Leagtar síos leis cuspóirí Chlár Euratom, an buiséad don tréimhse 2026-2027, na foirmeacha cistiúcháin a bheidh ann agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.

---

15 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

16 Cinneadh 96/282/Euratom ón gCoimisiún an 10 Aibreán 1996 maidir le hatheagar a chur ar an Airmheán Comhpháirteach Taighde (IO L 107, 30.4.1996, lch. 12).

17 Tuairim an LL.MM.2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

18 Tuairim an LL.MM.2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

19 Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena leasaítear Rialachán (Euratom) 2018/1563 (IO L 167I, 12.5.2021, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/765/oj).

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe ábhartha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/695. Déanfar tagairtí sna sainmhínithe sin don Aontas agus don chlár Fís Eorpach a fhorléiriú mar thagairtí don Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhphobal') agus do Chlár Euratom faoi seach. Chun críocha an Rialacháin seo, áfach, ciallaíonn 'clár oibre' an doiciméad a ghlacfaidh an Coimisiún chun clár Euratom a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán seo.

Gach tagairt dá ndéantar sa Rialachán seo do Rialachán (AE) 2021/695, is tagairtí iad don leagan atá i bhfeidhm *[lá glactha an Rialacháin seo]*.

*Airteagal 3*

**Cuspóirí an chláir**

1. Is é cuspóir ginearálta Chlár Euratom taighde núicléach agus gníomhaíochtaí oiliúna núicléacha a shaothrú agus béim á cur ar fheabhsú leanúnach na sábháilteachta núicléiche, na slándála núicléiche agus na cosanta ar radaíocht, mar aon le baint amach chuspóirí an chláir Fís Eorpach a chomhlánú *inter alia* i gcomhthéacs an aistrithe fuinnimh.

2. Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag Clár Euratom:

   (a) feabhas a chur ar an tsábháilteacht núicléach, slándáil núicléach, coimircí núicléacha, cosaint ar radaíocht, breosla spíonta sábháilte agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus díchoimisiúnú, lena n-airítear úsáid shábháilte, shlán, éifeachtúil an fhuinnimh núicléach agus feidhmeanna neamhchumhachtacha radaíochta ianúcháin;

   (b) saineolas agus inniúlacht sa réimse núicléach laistigh den Chomhphobal a choinneáil ar bun agus a fhorbairt a thuilleadh;

   (c) forbairt an fhuinnimh comhleá a chothú mar fhoinse fhéideartha fuinnimh don ghiniúint leictreachais agus rannchuidiú le cur chun feidhme an treochláir comhleá Eorpaigh;

   (d) tacaíocht a thabhairt do bheartas an Aontais agus a Bhallstát maidir leis an tsábháilteacht núicléach, le coimircí núicléacha agus leis an tslándáil núicléach.

3. Cuirfear na cuspóirí a liostaítear i míreanna 1 agus 2 chun feidhme i gcomhréir le hIarscríbhinn I. Ach údar cuí a bheith leis, d'fhéadfaí a áireamh i gcur chun feidhme na gcuspóirí sin freagairtí do dheiseanna, géarchéimeanna agus bagairtí atá ag teacht chun cinn.

*Airteagal 4*

**Buiséad**

1. Is é EUR 598 346 804 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme chlár Euratom le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2027.

2. Is é seo a leanas a bheidh i ndáileadh táscach na suime dá dtagraítear i mír 1:

   (a) EUR 252 532 225 le haghaidh gníomhaíochtaí indíreacha i ndáil le taighde agus forbairt comhleá;

   (b) EUR 115 339 356 le haghaidh gníomhaíochtaí indíreacha i ndáil le heamhnú núicléach, an tsábháilteacht núicléach, agus an chosaint ar radaíocht;

   (c) EUR 230 475 223 le haghaidh gníomhaíochtaí díreacha arna ndéanamh ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde.

   Ní fhéadfaidh an Coimisiún imeacht ón méid dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír seo.

3. Féadfar a chumhdach freisin leis an méid dá dtagraítear i mír 1 costais maidir le hullmhúchán, faireachán, rialú, iniúchóireacht, meastóireacht agus gníomhaíochtaí agus caiteachas eile a bhaineann le bainistiú agus cur chun feidhme Chlár Euratom, lena n-áirítear an caiteachas riaracháin uile, chomh maith le meastóireacht a dhéanamh ar ghnóthú a chuspóirí. Ní rachaidh na costais riaracháin a bhaineann le gníomhaíochtaí indíreacha os cionn 6 % den mhéid a dáileadh ar ghníomhaíochtaí indíreacha Chlár Euratom dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 2. Ina theannta sin, féadfar a chumhdach freisin leis an méid dá dtagraítear i mír 1:

   (a) a mhéid a bhaineann siad sin le cuspóirí Chlár Euratom, costais a bhaineann le staidéir, cruinnithe saineolaithe, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide;

   (b) costais a bhaineann le líonraí teicneolaíochta faisnéise arb é is fócas dóibh próiseáil agus malartú faisnéise, lena n-áirítear uirlisí teicneolaíochta faisnéise corparáideacha agus cúnamh teicniúil agus riaracháin eile a bhfuil gá leo i ndáil le bainistiú Chlár Euratom.

4. Féadfar leithreasuithe a iontráil sa bhuiséad tar éis 2027 chun na costais dá bhforáiltear i mír 3 a chumhdach, más gá sin ionas go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh tugtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2027 a bhainistiú.

5. Gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí is faide ná 1 bhliain airgeadais amháin, féadfar iad a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

6. Gan dochar don Rialachán Airgeadais, caiteachas ar bhearta a d’eascraigh as tionscadail a áirítear sa chéad chlár oibre, is caiteachas é a fhéadfaidh a bheith incháilithe ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

7. Acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoi bhainistíocht roinnte, féadfar iad a aistriú, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, chuig Clár Euratom, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sna forálacha ábhartha i Rialachán

(AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20]. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais nó go hindíreach i gcomhréir le pointe (c) den fhomhír sin. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann.

*Airteagal 5*

**Tríú tíortha atá comhlachaithe le Clár Euratom**

1. Beidh Clár Euratom in ann comhlachas a dhéanamh leis na tríú tíortha seo a leanas:

   (a) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Chomhphobail arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais ar leith nó i gcomhaontuithe comhchosúla agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an Comhphobal agus na tíortha sin;

   (b) tíortha de Bheartas Comharsanachta na hEorpa, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Chomhphobail arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí ó chomhairlí comhlachais ar leith, nó i gcomhaontuithe comhchosúla agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an Comhphobal agus na tíortha sin;

   (c) tríú tíortha agus críocha a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas:

      (i) acmhainneacht mhaith eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta a bheith acu;

      (ii) gealltanas a bheith tugtha acu maidir le geilleagar margaidh oscailte riailbhunaithe, lena n-áirítear a bheith ag caitheamh ar bhealach cóir agus cothrom le cearta maoine intleachtúla, agus sin faoi choimirce institiúidí daonlathacha;

      (iii) beartais a chur chun cinn lena gcuirtear feabhas ar dhea-bhail eacnamaíoch agus sóisialta na saoránach.

2. Maidir le comhlachas le Clár Euratom a dhéanfar le gach ceann de na tríú tíortha faoi phointe (c) de mhír 1, is comhlachas é a dhéanfar i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú sonrach lena gcumhdaítear rannpháirtíocht an tríú tír in aon Chlár de chuid an Chomhphobail nó an Aontais, ar choinníoll go ndéantar an méid seo a leanas leis an gcomhaontú:

[20] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

(a) áirithítear leis cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach i gcláir an Chomhphobail nó an Aontais;

(b) leagtar síos leis na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i gcláir an Chomhphobail nó an Aontais, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais leis na cláir aonair agus ríomh chostais riaracháin na gclár sin;

(c) ní thugtar don tríú tír leis aon chumhacht chinnteoireachta i leith Chlár Euratom;

(d) ráthaítear leis cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

Ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sna ranníocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo.

3. I raon feidhme an chomhlachais le gach tríú tír i gClár Euratom, cuirfear san áireamh an cuspóir maidir le fás eacnamaíoch a thiomáint san Aontas trí bhíthin na nuálaíochta. Dá réir sin, diomaite de thíortha aontacha, de thíortha is iarrthóirí agus d'iarrthóirí ionchasacha, d'fhéadfaí codanna de Chlár Euratom a eisiamh ó chomhaontú comhlachais i dtaca le tír shonrach.

4. Déanfaidh an comhaontú comhlachais, i gcás inarb iomchuí, foráil maidir le rannpháirtíocht chómhalartach eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas i gcláir chomhchosúla i dtíortha comhlachais i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sna cláir sin.

5. I gcás inarb iomchuí, leis na coinníollacha lena gcinnfear leibhéal na ranníocaíochta airgeadais áiritheofar go ndéanfar ceartú uathoibríoch ar aon mhíchothromaíocht shuntasach i gcomparáid leis an méid a fhaigheann eintitis atá bunaithe sa tír chomhlachaithe trí bheith rannpháirteach i gClár Euratom, agus na costais maidir le bainistiú, cur i bhfeidhm agus oibriú Chlár Euratom á gcur san áireamh.

*Airteagal 6*

**Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin**

1. Is trí bhíthin bainistíocht dhíreach i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais nó trí bhíthin bainistíocht indíreach ag na comhlachtaí cistiúcháin dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais a chuirfear Clár Euratom chun feidhme.

2. Féadfar cistiú faoin Chlár Euratom a sholáthar in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, mar sin féin, is deontais a bheidh sa phríomhfhoirm thacaíochta do ghníomhaíochtaí indíreacha faoi Chlár Euratom. Féadfar cistiú faoi Chlár Euratom a sholáthar freisin trí dhuaiseanna, soláthar agus ionstraimí airgeadais laistigh d'oibríochtaí measctha.

3. Na príomhchineálacha gníomhaíochta atá le húsáid faoi Chlár Euratom, leagtar amach agus sainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/695 iad, amhail gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, gníomhaíochtaí nuálaíochta, gníomhaíochtaí nuálaíochta agus cur in úsáid sa mhargadh, gníomhaíochtaí oiliúna agus soghluaisteachta, gníomhaíochtaí comhchistiúcháin cláir, gníomhaíochtaí soláthair réamhthráchtála, soláthar poiblí gníomhaíochtaí um réitigh nuálacha,

gníomhaíochtaí comhordaithe agus tacaíochta, duaiseanna dreasachta agus duaiseanna aitheantais.

Na foirmeacha cistiúcháin, dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, úsáidfear iad ar bhealach solúbtha síos trí gach cuspóir de Chlár Euratom agus cinnfear an úsáid a bheidh leo ar bhonn riachtanais agus saintréithe na gcuspóirí ar leith.

4. Le Clár Euratom, tacófar freisin le gníomhaíochtaí díreacha a dhéanfaidh JRC.

*Airteagal 7*

**Comhpháirtíochtaí Eorpacha**

1. Féadfar codanna de Chlár Euratom a chur chun feidhme trí bhíthin Comhpháirtíochtaí Eorpacha.

2. Maidir le rannpháirtíocht an Chomhphobail i gComhpháirtíochtaí Eorpacha, féadfaidh sí a bheith in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas:

(a) rannpháirtíocht i gcomhpháirtíochtaí a bhunaítear ar bhonn meabhrán tuisceana nó socruithe conarthacha idir an Coimisiún agus comhpháirtithe poiblí nó príobháideacha, lena sonraítear cuspóirí na Comhpháirtíochta Eorpaí, gealltanais ghaolmhara ó na comhpháirtithe eile maidir lena ranníocaíochtaí airgeadais nó maidir lena ranníocaíochtaí comhchineáil, eochairtháscairí feidhmíochta agus tionchair, na torthaí atá le soláthar agus socruithe tuairiscithe; cuimsítear leo sin gníomhaíochtaí comhlántacha taighde agus nuálaíochta, a chuireann na comhpháirtithe agus Clár Euratom chun feidhme (Comhpháirtíochtaí Eorpacha Comhchláraithe), a shainaithint;

(b) rannpháirtíocht i gclár gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus ranníocaíocht airgeadais leis an gclár céanna, lena sonraítear na cuspóirí, na príomhtháscairí feidhmíochta agus tionchair, agus na torthaí atá le baint amach, bunaithe ar ghealltanas na gcomhpháirtithe maidir lena ranníocaíochtaí airgeadais nó lena ranníocaíochtaí comhchineáil agus maidir lena gcuid gníomhaíochtaí ábhartha a chomhtháthú trí ghníomhaíocht chomhchistiúcháin ó Chlár Euratom (Comhpháirtíochtaí Eorpacha Comhchistithe) a úsáid.

3. Maidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha:

(a) bunófar iad sna cásanna ina mbainfí cuspóirí Chlár Euratom amach ar bhealach níos éifeachtaí ná mar a d'éireodh leis an gComhphobal ina aonar agus i gcomparáid le foirmeacha eile tacaíochta faoi Chlár Euratom; déanfar scair iomchuí de bhuiséad Chlár Euratom a leithdháileadh ar na codanna sin;

(b) cloífidh siad leis na prionsabail a bhaineann le breisluach Aontais, trédhearcacht agus oscailteacht, agus le tionchair a bheith acu laistigh den Eoraip agus ar son na hEorpa, an éifeacht láidir ghiarála ar scála leordhóthanach, ghealltanais fhadtéarmacha na gcomhpháirtithe uile lena mbaineann, solúbthacht maidir le cur chun feidhme, comhleanúnachas, chomhordú agus comhlántacht le tionscnaimh de chuid an Aontais agus tionscnaimh áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus, i gcás inarb ábhartha, tionscnaimh idirnáisiúnta nó Comhpháirtíochtaí Eorpacha eile;

(c) beidh cur chuige soiléir maidir le saolré acu, beidh siad teoranta ó thaobh ama de agus beidh coinníollacha iontu maidir le cistiú Chlár Euratom a chéimniú amach.

4. Na forálacha agus na critéir maidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha a roghnú, a chur chun feidhme, maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu agus maidir lena gcéimniú amach, leagtar amach iad in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/695.

*Airteagal 8*

**An Eolaíocht Oscailte**

Na forálacha a bhfuil feidhm acu maidir leis an eolaíocht oscailte a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/695, tá feidhm acu maidir le Clár Euratom freisin.

*Airteagal 9*

**Gníomhaíochtaí incháilithe agus rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh torthaí taighde**

1. Níl incháilithe chun cistiú a fháil ach gníomhaíochtaí lena gcuirtear na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 chun feidhme.

2. Faoi réir mhíreanna 3 agus 4 den Airteagal seo, tá feidhm ag Teideal II i dtaca le rialacha i ndáil le rannpháirtíocht agus scaipeadh Rialachán (AE) 2021/695, tá feidhm ag an teideal sin maidir le gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi Chlár Euratom. Déanfar tagairtí don Aontas agus don chlár Fís Eorpach i Rialachán (AE) 2021/695 a fhorléiriú mar thagairtí don Chomhphobal agus do Chlár Euratom, i gcás inarb iomchuí. Déanfar tagairtí do 'rialacha slándála' i Rialachán (AE) 2021/695 a fhorléiriú mar thagairtí lena gcuimsítear leasanna cosanta na mBallstát de réir bhrí Airteagal 24 de Chonradh Euratom.

3. De mhaolú ar Airteagal 40(4) de Rialachán (AE) 2021/695, an ceart chun agóid a dhéanamh in aghaidh aistrithe úinéireachta torthaí nó in aghaidh ceadúnas eisiach a dheonú maidir le torthaí, is ceart é a fhéadfar a leathnú chun deonú ceadúnas neamheisiach a chumhdach.

4. De mhaolú ar Airteagal 41(9) de Rialachán (AE) 2021/695, maidir le tairbhí ar tugadh maoiniú Comhphobail dó, tabharfaidh sé rochtain saor ó ríchíosanna ar a thorthaí d'institiúidí an Chomhphobail, do chomhlachtaí cistiúcháin nó don Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (Fuinneamh Comhleá) arna bhunú le Cinneadh 2007/198/Euratom (an 'Comhghnóthas um Fhuinneamh Comhleá'), chun beartais agus cláir nó oibleagáidí Comhphobail a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu faoi chomhar idirnáisiúnta le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Cuimseofar leis na cearta rochtana sin an ceart chun a údarú do thríú páirtithe na torthaí a úsáid chun críoch soláthair phoiblí agus an ceart chun focheadúnas a dheonú. Beidh cearta rochtana teoranta d'úsáid neamhthráchtála agus neamhiomaíoch.

5. Leis an sásra árachais fhrithpháirtigh, arna bhunú de bhun Rialachán (AE) 2021/695, cumhdófar an riosca a bhaineann le suimeanna dlite nach ngnóthaítear ó na tairbhithe don Choimisiún nó do chomhlachtaí cistiúcháin faoin Rialachán seo.

*Airteagal 10*

**Maoiniú carnach, malartach agus comhcheangailte**

1. Cuirfear Clár Euratom chun feidhme i sineirge leis an gclár Fís Eorpach agus le cláir eile de chuid an Aontais.

2. Chun cuspóirí Chlár Euratom a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin is coiteann do Chlár Euratom agus don chlár Fís Eorpach, féadfaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach i gClár Euratom nó leis na gníomhaíochtaí sin lena gcuirtear an clár Fís Eorpach chun feidhme, nó leo araon, tairbhiú de ranníocaíocht airgeadais an Chomhphobail, faoi réir Airteagal 9. Go háirithe, le Clár Euratom, féadfar ranníocaíocht airgeadais a chur ar fáil do Marie Skłodowska-Curie Actions (MSCA) chun tacú le gníomhaíochtaí atá ábhartha don taighde núicléach.

3. Gníomhaíocht ar tugadh ranníocaíocht di ó chlár eile de chuid an Aontais, féadfar ranníocaíocht a thabhairt di faoi Chlár Euratom freisin, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais chéanna leis na ranníocaíochtaí. Beidh feidhm ag rialacha an chláir ábhartha maidir lena ranníocaíocht chomhfhreagrach leis an ngníomhaíocht. Ní rachaidh an maoiniú carnach thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta. Féadfar an tacaíocht ó na cláir éagsúla a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid lena leagtar amach na coinníollacha tacaíochta.

4. Féadfaidh gníomhaíochtaí tacaíocht a fháil ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa nó ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de Rialachán (AE) 2021/1060 i gcás inar gníomhaíochtaí iad ar bronnadh lipéad an tSéala Barr Feabhais orthu faoi Chlár Euratom má chomhlíonann an ghníomhaíocht na coinníollacha carnacha seo a leanas:

   (a) rinneadh measúnú orthu i nglao ar thograí faoi Chlár Euratom;

   (b) comhlíonann siad íoscheanglais cháilíochta an ghlao sin ar thograí;

   (c) ní fhéadfar iad a mhaoiniú faoin nglao sin ar thograí i ngeall ar shrianta buiséadacha.

# Caibidil II

# Clársceidealú, faireachán, meastóireacht agus rialú

*Airteagal 11*

**Cláir oibre**

1. Is leis na cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais a chuirfear gníomhaíochtaí indíreacha Chlár Euratom chun feidhme. Leagfar amach leis na cláir oibre, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh oibríochtaí measctha. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na cláir oibre. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(4).

2. Sa bhreis ar cheanglais Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais, cuimseofar sna cláir oibre an méid seo a leanas, de réir mar is iomchuí:

   (a) sonrú an mhéid a leithdháiltear ar gach gníomhaíocht agus clár ama táscach maidir le cur chun feidhme;

   (b) maidir le deontais, na tosaíochtaí, na critéir roghnúcháin agus dhámhachtana agus an t-ualú coibhneasta a bhaineann leis na critéir dhámhachtana éagsúla agus an t-uasráta cistiúcháin le haghaidh shuim iomlán na gcostas incháilithe;

   (c) aon oibleagáid bhreise i leith tairbhithe, i gcomhréir le hAirteagail 39 agus 41 de Rialachán (AE) 2021/695;

   (d) cur chuige ilbhliantúil agus treoshuíomhanna straitéiseacha do na blianta cur chun feidhme ina dhiaidh sin.

3. Tarraingeoidh an Coimisiún suas clár oibre ilbhliantúil maidir le gníomhaíochtaí díreacha arna ndéanamh ag JRC i gcomhréir le Cinneadh 96/282/Euratom.

*Airteagal 12*

**Faireachán agus tuairisciú**

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar bhainistiú agus ar chur chun feidhme Chlár Euratom. Chun an trédhearcacht a fheabhsú, cuirfear na sonraí sin ar fáil go poiblí ar bhealach inrochtana ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin de réir an nuashonraithe is déanaí ar na sonraí sin.

   Leagtar amach in Iarscríbhinn II táscairí a bheidh le tuairisciú ar bhonn bliantúil maidir le dul chun cinn Chlár Euratom chun na cuspóirí a bhunaítear in Airteagal 3 a bhaint amach ar feadh na gconairí tionchair.

2. Chun an measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn Chlár Euratom maidir le baint amach a chuspóirí a áirithiú, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bhaineann le cur chun feidhme an chreata faireacháin agus meastóireachta, go háirithe trí bhonnlínte agus spriocanna a leagan síos i gcomhréir le hIarscríbhinn II.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 16(3).

3. Leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta, áiritheofar go ndéanfar na sonraí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thorthaí Chlár Euratom a bhailiú ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach tráthúil gan an t-ualach riaracháin a mhéadú do thairbhithe. Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí ón gComhphobal agus, i gcás inarb iomchuí, ar na Ballstáit.

*Airteagal 13*

**Faisnéis, cumarsáid, poiblíocht agus scaipeadh agus saothrú**

1. Maidir le faighteoirí an chistithe ó Chlár Euratom, tabharfaidh siad aitheantas d'fhoinse na gcistí sin agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe ón gComhphobal, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann le Clár Euratom, leis na gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun Chlár Euratom agus leis na torthaí a baineadh amach. Sa bhreis air sin, soláthróidh sé faisnéis chríochnaitheach thráthúil do na Ballstáit agus do na tairbhithe. Déanfar seirbhísí fianaisebhunaithe meaitseála, atá bunaithe ar an anailísíocht agus ar fhiníochtaí líonraí, a sholáthar do na heintitis leasmhara chun cuibhreannais a bhunú i ndáil le tionscadail chomhoibríocha, agus aird ar leith á tabhairt ar na deiseanna líonraithe a shainaithint le haghaidh eintitis dhlítheanacha ó Bhallstáit arb íseal a bhfeidhmíocht maidir le taighde agus nuálaíocht. Ar bhonn na hanailíse sin, féadfar imeachtaí meaitseála spriocdhírithe a eagrú ar bhonn glaonna sonracha ar thograí.

3. Chomh maith leis sin, bunóidh an Coimisiún straitéis maidir le scaipeadh agus saothrú chun cur le hinfhaighteacht agus le scaipeadh thorthaí taighde agus nuálaíochta Chlár Euratom agus le hinfhaighteacht agus le scaipeadh an eolais a d'eascair as an gclár sin chun dlús a chur leis an saothrú chun cur leis an nglacadh sa mhargadh agus chun cur le tionchar Chlár Euratom.

4. Na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar Chlár Euratom, rannchuideoidh siad freisin leis an gcumarsáid chorparáideach i ndáil le tosaíochtaí polaitiúla an Chomhphobail, chomh maith le gníomhaíochtaí faisnéise, cumarsáide, poiblíochta, scaipthe agus saothraithe a mhéid a bhaineann siad leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3.

*Airteagal 14*

**Meastóireacht**

1. Déanfar meastóireachtaí ar Chlár Euratom go tráthúil chun fónamh don phróiseas cinnteoireachta maidir le Clár Euratom, maidir lena chéad chlár réime eile agus maidir le tionscnaimh eile is ábhartha i ndáil le taighde agus nuálaíocht.

2. Ag deireadh chur chun feidhme Chlár Euratom, ach tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis dheireadh na tréimhse a shonraítear in Airteagal 1, déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha arna roghnú trí phróiseas trédhearcach, meastóireacht deiridh ar Chlár Euratom agus ar an gClár arna bhunú le Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle. Cuimseofar leis sin measúnú ar an tionchar fadtéarmach a bhí ag Cláir Thaighde agus Oiliúna Euratom a bhí ann roimhe seo agus ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach Comhphobail Chlár Euratom.

4. Foilseoidh an Coimisiún conclúidí na meastóireachtaí chomh maith lena bharúlacha féin, cuirfidh sé iad in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún agus cuirfidh sé iad ina láthair.

*Airteagal 15*

**Iniúchtaí**

1. Áiritheofar leis an gcóras rialúcháin le haghaidh Chlár Euratom go mbeidh cothromaíocht iomchuí ann idir iontaoibh agus rialú, agus costais riaracháin agus costais eile a bhaineann le rialú ar gach leibhéal á gcur san áireamh, go háirithe i dtaca le tairbhithe. Beidh na rialacha iniúchóireachta soiléir, comhsheasmhach agus comhleanúnach i ngach gné de Chlár Euratom.

2. Gníomhaíochtaí a fhaigheann comhchistiú ó chláir éagsúla de chuid an Aontais, ní dhéanfar ach iniúchadh amháin orthu sin, arb iniúchadh é lena gcumhdófar na cláir uile lena mbaineann agus a rialacha is infheidhme ar leith.

3. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha brath ar athbhreithnithe ar chórais chomhcheangailte ar leibhéal na dtairbhithe. Beidh na hathbhreithnithe comhcheangailte sin roghnach i gcás cineálacha áirithe tairbhithe agus is éard atá iontu iniúchadh ar chórais agus ar phróisis, rud a chomhlánófar le hiniúchadh ar idirbhearta. Is iniúchóir neamhspleách inniúil atá cáilithe chun iniúchtaí reachtúla a dhéanamh ar dhoiciméid chuntasaíochta i gcomhréir le Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a dhéanfaidh iniúchadh ar idirbhearta den sórt sin[21]. Féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha na hiniúchtaí ar chórais agus ar phróisis a úsáid chun an leibhéal muiníne foriomlán a chinneadh maidir le bainistíocht fhónta airgeadais an chaiteachais agus chun leibhéal na n-iniúchtaí *ex post* agus na ndeimhnithe maidir le ráitis airgeadais a athmheas.

4. I gcomhréir le hAirteagal 127 den Rialachán Airgeadais, féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin brath ar iniúchtaí maidir le húsáid ranníocaíochtaí an Chomhphobail arna ndéanamh ag daoine nó ag eintitis neamhspleácha inniúla eile, lena n-áirítear daoine nach bhfuil sainordú tugtha dóibh chuige sin ó Institiúidí nó ó chomhlachtaí an Aontais.

---

[21] Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/43/oj).

5. Féadfar iniúchtaí a dhéanamh suas le 2 bhliain tar éis íocaíocht an iarmhéid.

6. Foilseoidh an Coimisiún treoirlínte iniúchóireachta, arb é is aidhm dóibh cur i bhfeidhm agus léiriú iontaofa aonfhoirmeach na nósanna imeachta agus na rialacha iniúchóireachta le linn fhad tréimhse Chlár Euratom a áirithiú.

*Airteagal 16*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh Coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Tiocfaidh an Coiste le chéile in dhá fhoirmíocht éagsúla, foirmíochtaí a bheidh ag plé leis na gnéithe eamhnúcháin agus leis na gnéithe comhleá éagsúla de Chlár Euratom.

   D'fhonn cur chun feidhme Chlár Euratom a éascú, maidir le gach cruinniú den Choiste mar a shainítear sa chlár oibre, aisíocfaidh an Coimisiún costais aon ionadaí amháin in aghaidh an Bhallstáit, agus costais aon saineolaí amháin nó aon chomhairleora amháin in aghaidh an Bhallstáit as na míreanna cláir oibre sin i gcás ina dteastóidh saineolas sonrach ó Bhallstát i gcomhréir le treoirlínte bunaithe an Choimisiúin.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

5. I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an Choiste a fháil trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é go gcinneann cathaoirleach an Choiste amhlaidh nó i gcás ina n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an Choiste amhlaidh laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt.

6. Cuirfidh an Coimisiún an Coiste ar an eolas go rialta faoin dul chun cinn foriomlán maidir le cur chun feidhme Chlár Euratom agus soláthróidh an Coimisiún faisnéis thráthúil don Choiste faoi na gníomhaíochtaí uile a bheartaítear nó a chistítear faoi Chlár Euratom.

*Airteagal 17*

**Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach i gClár Euratom trí bhíthin cinneadh a glacadh de bhun comhaontú idirnáisiúnta nó ar bhonn aon ionstraim dlí eile, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun a n-inniúlachtaí ar leith a fheidhmiú go cuimsitheach. I gcás OLAF, áiritheofar leis na cearta sin an ceart chun imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.

# Caibidil III

# Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha

*Airteagal 18*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle le héifeacht ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

*Airteagal 19*

**Forálacha idirthréimhseacha**

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí arna dtionscnamh de bhun Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle, a leanfaidh d'fheidhm a bheith aige maidir leis na gníomhaíochtaí sin go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.
2. I gcás inar gá, is é an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 16 den Rialachán seo a dhéanfaidh aon chúram eile de chuid an Choiste arna bhunú le Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle.
3. Ina theannta sin, le himchlúdach airgeadais Chlár Euratom féadfar na costais theicniúla agus cúnaimh riaracháin is gá a chumhdach chun an t-aistriú idir Clár Euratom agus na bearta a glacadh de bhun Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle a áirithiú.

*Airteagal 20*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**RÁITEAS AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH REACHTACH**

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

**1.1. Teideal an togra/tionscnaimh**

**1.2. Réimsí beartais lena mbaineann**

**1.3. Cuspóirí**

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

**1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:**

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

**2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe**

**2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe**

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

*2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

**3.1. Na ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar**

**3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.1,1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

**4. GNÉITHE DIGITEACHA**

**4.1. Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha**

**4.2. Sonraí**

**4.3. Réitigh dhigiteacha**

**4.4. Measúnú idir-inoibritheachta**

**4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach**

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach le haghaidh na tréimhse 2021-2027 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena leasaítear Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle.

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

01.03 Clár Taighde agus Oiliúna Euratom

### 1.3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Chun taighde núicléach agus gníomhaíochtaí oiliúna núicléacha a shaothrú, lena leagtar béim ar fheabhsú leanúnach na sábháilteachta núicléiche, na slándála núicléiche agus na cosanta ar radaíocht, mar aon le comhlánú a dhéanamh ar na cuspóirí a baineadh amach leis an gclár Fís Eorpach, i gcomhthéacs an aistrithe fuinnimh, mar shampla. Féach Airteagal 3(1) den rialachán atá beartaithe.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

Le hAirteagal 3(2) den rialachán atá beartaithe leagtar síos na cuspóirí sonracha seo a leanas:

– feabhas a chur ar an tsábháilteacht núicléach, slándáil núicléach, coimircí núicléacha, cosaint ar radaíocht, breosla spíonta sábháilte agus bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí agus díchoimisiúnú, lena n-airítear úsáid shábháilte, shlán, éifeachtúil an fhuinnimh núicléach agus feidhmeanna neamhchumhachtacha radaíochta ianúcháin;

– saineolas agus inniúlacht sa réimse núicléach laistigh den Chomhphobal a choinneáil ar bun agus a fhorbairt a thuilleadh;

– forbairt an fhuinnimh comhleá a chothú mar fhoinse fhéideartha fuinnimh le haghaidh giniúint leictreachais agus rannchuidiú le cur chun feidhme an Treochláir Comhleá Eorpaigh;

– tacaíocht a thabhairt do bheartas an Aontais agus a Bhallstát maidir leis an tsábháilteacht núicléach, le coimircí núicléacha agus leis an tslándáil núicléach.

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Cuideoidh torthaí na ngníomhaíochtaí arna gcistiú ag Euratom le dul i ngleic leis na dúshláin seo a leanas:

– Feabhsuithe ar an tsábháilteacht núicléach: Cuideoidh taighde arna chistiú ag Euratom leis an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) feabhas a chur ar na dearaí le haghaidh gléasraí cumhachta núicléiche amach anseo (lena n-áirítear imoibreoirí modúlacha beaga); (ii) aisfheistiú a fhorbairt maidir le gnéithe sábháilteachta i ngléasraí cumhachta núicléiche atá ann cheana; agus (iii) uirlisí, modhanna agus treoraíocht a sholáthar d'oibreoirí gléasraí cumhachta

núicléiche agus d'údaráis sábháilteachta chun faireachán a dhéanamh ar shábháilteacht gléasraí núicléacha.

– Bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí: leis an gComhpháirtíocht Eorpach EURAD-2 arna comhchistiú ag Euratom, tacófar leis an méid seo a leanas: (i) forbairt na gcásanna sábháilteachta maidir le stóráil dhomhain gheolaíoch ar dhramhaíl radaighníomhaíoch meánleibhéil agus ardleibhéil; (ii) oibriú agus formhaoirseacht saoráidí geolaíocha doimhne; (iii) réitigh shábháilte a fhorbairt chun dramhaíl a réamhdhiúscairt agus a stóráil ar bhonn eatramhach; agus (iv) bainistiú eolais agus comhroinnt dea-chleachtas idir na Ballstáit.

– Feidhmeanna radaíochta agus cosaint ar radaíocht: déanfaidh an taighde an méid seo a leanas: (i) feabhas a chur ar an tuiscint maidir leis an tionchar atá ag an radaíocht ísealdáileoige ar an tsláinte phoiblí; (ii) feabhas a chur ar fhorbairt feidhmeanna leighis na radaíochta ianúcháin chun cóireáil othar a chur chun cinn, go háirithe, trí theiripí atá in úsáid cheana i gclinicí a bharrfheabhsú agus trí thacú le glacadh teicnící nua atá fós á bhforbairt; agus (iii) tacú le forbairt feidhmeanna radaíochta ianúcháin i réimsí eile, amhail an spás, an tionsclaíocht, an faireachán comhshaoil agus an geilleagar ciorclach.

– Saineolas agus inniúlacht sa réimse núicléach laistigh den Chomhphobal: Beidh sé d'aidhm ag gníomhaíochtaí arna gcistiú ag Euratom tacú le soghluaisteacht taighdeoirí agus feabhas a chur ar infhaighteacht imoibreoirí taighde agus saoráidí taighde núicléach eile. Le bearta agus gníomhaíochtaí oiliúna sonracha laistigh de thionscadail eile Euratom, cuideofar le scileanna sa réimse núicléach san Eoraip a choinneáil ar bun.

– Maidir le forbairt fuinnimh comhleá, beidh sé d'aidhm ag Clár Euratom an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) an tuiscint ar staid an phlasma agus ar a idirghníomhaíochtaí lena thimpeallacht a chur chun cinn chun na bunchlocha eolaíocha is gá a thógáil chun foinse fuinnimh comhleá a fhorbairt; (ii) treochlár teicneolaíochta a ullmhú ina sainaithnítear go mion na mór-riachtanais taighde agus nuálaíochta, le hinsoláthartha soiléire agus an chaoi a mbaineann siad le dearadh, tógáil agus oibriú an ghléasra cumhachta comhleá agus leis an tráchtálú a dhéanfar air ina dhiaidh sin; (iii) tacú le forbairt teicneolaíochtaí criticiúla gléasra cumhachta comhleá, amhail maighnéid fhorsheoltacha ardteochta, coincheapa blaincéid, ábhair fheidhmiúla, ábhair ar aghaidh an phlasma, agus próiseáil tritiam; agus (iv) bailchríoch a chur ar an dearadh coincheapúil le haghaidh gléasra cumhachta comhleá, ag díriú ar na príomhrioscaí a mhaolú.

1.3.4. *Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Áirítear príomhtháscairí feidhmíochta an Chláir in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an togra. Meastar go dtacóidh Clár Euratom le dul chun cinn maidir leis na nithe seo a leanas: (i) eolas chun an tsábháilteacht agus an tslándáil núicléach a threisiú; (ii) feidhmeanna sábháilte na radaíochta ianúcháin; (iii) breosla spíonta sábháilte agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí; (iv) cosaint ar radaíocht; agus (v) fuinneamh comhleá a fhorbairt. Déanfar an dul chun cinn sna réimsí sin a thomhas le táscairí maidir leis na nithe seo a leanas: (i) foilseacháin eolaíocha; (ii) dul chun cinn maidir leis an treochlár comhleá a chur chun feidhme; (iii) oiliúint agus tacaíocht don

tsléandáil núicléach agus do choimircí núicléacha; (iv) saineolas agus scileanna a fhorbairt; agus (v) rochtain ar bhonneagair taighde.

### 1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[1]

☑síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

### 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Chun feidhmeanna cumhachta agus feidhmeanna neamhchumhachta fuinnimh núicléach a úsáid, ní mór iarracht leanúnach a dhéanamh chun rioscaí sábháilteachta agus slándála a laghdú agus chun tacú le forbairt teicneolaíochtaí núicléacha atá sábháilte agus slán agus leis an gcosaint is fearr ar radaíocht. Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar líon na bhfeidhmeanna éagsúla a bhaineann leis an radaíocht ianúcháin, ní mór daoine agus an comhshaol a chosaint ar nochtadh neamhriachtanach don radaíocht. Úsáidtear teicneolaíochtaí radaíochta ianúcháin gach lá san Eoraip i roinnt réimsí, amhail sa tsláinte, sa tionscal agus sa taighde, agus cuireann siad tairbhí móra ar fáil do dhaonra agus do gheilleagar an Aontais.

Is féidir le taighde poiblí agus príobháideach sna Ballstáit rannchuidiú go mór leis na tairbhí sin a sholáthar, agus is é an cúram atá ar Euratom iarrachtaí náisiúnta a chomhlánú trí chlár taighde agus oiliúna Comhphobal-bunaithe a chur i gcrích.

Le taighde arna thacú ag Euratom, ba cheart cuidiú leis na Ballstáit agus leis an tionscal ceanglais Chonradh Euratom agus threoracha Euratom maidir leis an tsábháilteacht núicléach, bunchaighdeáin sábháilteachta agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí a chomhlíonadh. Ba cheart leis an taighde sin tacú freisin le ceanglais choimircí Euratom ó Chaibidil 7 de Chonradh Euratom agus ón rialachán gaolmhar.

Chun go mbeidh sé i gcomhréir le fad Fís Eorpach agus CAI, cuirfear an Clár atá beartaithe chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 7 de Chonradh Euratom ar feadh 2 bhliain (ó thús 2026 go dtí deireadh 2027).

Leanfaidh an Clár atá beartaithe de phríomhghníomhaíochtaí taighde an Chláir 2021-2025 maidir leis an tsábháilteacht núicléach, an tsléandáil núicléach agus coimircí núicléacha, bainistiú dramhaíola agus cosaint ar radaíocht, agus fuinneamh comhleá.

[1] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Trí thaighde comhoibritheach, cumasaíodh leis an gClár cur chuige uile-Eorpach maidir leis an dá rud seo a leanas: (i) an tsábháilteacht núicléach agus cosaint ar radaíocht a fheabhsú i ngach réimse feidhme; agus (ii) an dúshlán a bhaineann le comhleá a fhorbairt mar fhoinse fuinnimh. Cuireann an Clár go mór le cumas an Aontais leas a bhaint as comhthiomsú sármhaitheasa, saineolais agus ildisciplíneachta níos leithne sa taighde núicléach, agus tionchair á mbaint amach a théann i bhfad níos faide ná mar a bhainfí amach ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach. Tá tairbhe ar leith ag baint leis sin do na Ballstáit bheaga, a bheidh in ann leas a bhaint as barainneachtaí scála arna gcur ar fáil leis an éifeacht chomhthiomsaithe uile-Eorpach agus le rochtain oscailte ar shaoráidí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

Tríd an Airmheán Comhpháirteach Taighde, cuireann an Clár comhairle eolaíoch neamhspleách luachmhar ar fáil chun tacú le cur chun feidhme bheartais an Aontais i réimse na sábháilteachta núicléiche, an bhainistithe dramhaíola radaighníomhaí, na cosanta ar radaíocht, na slándála núicléiche, na gcoimircí agus an neamhleata. Cuireann bonneagar agus saotharlanna uathúla an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde ar a chumas dó ról ríthábhachtach a bheith aige maidir le taighde núicléach a chur chun cinn agus deiseanna oiliúna uathúla a chur ar fáil san Aontas.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Cuireadh torthaí na meastóireachta *ex post* ar Chlár Euratom 2014-2020 agus an mheastóireacht eatramhach ar Chlár 2021-2025 san áireamh agus an togra seo á ullmhú.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Socraíodh buiséad an Chláir cheana féin in CAI 2021-2027.

Déantar foráil maidir le sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais (Fís Eorpach, go háirithe ) in Airteagal 10 den rialachán atá beartaithe. Tá forálacha in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach lena gcuirtear sineirgí le Clár Euratom chun cinn agus lena ndírítear ar ghníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna agus ar thaighde comhpháirteach le haghaidh gnéithe trasearnálacha d'úsáid shábháilte agus shlán feidhmeanna neamhchumhachta na radaíochta ianúcháin in earnálacha amhail an leigheas, an tionscal, an talmhaíocht, an spás, an t-athrú aeráide, an tslándáil agus an ullmhacht i gcás éigeandála, agus rannchuidiú na heolaíochta núicléiche.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

D'fhéadfadh cistiú breise teacht ó chomhlachas tríú tíortha le Clár Euratom. Tá an Coimisiún ag smaoineamh freisin ar Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais (athúsáid saortha) a chur i bhfeidhm maidir le cistí Chlár Euratom 2014-2020 a gealladh do InnovFin (réamhtheachtaí InvestEU) agus nach bhféadfadh BEI a úsáid

mar gheall ar easpa tograí iontaofa ó thaobh brabúis de. Ach an EUR 20 milliún (is é sin, 8 % de bhuiséad eamhnaithe Chlár 2021-2025 atá ann faoi láthair) a aisghabháil, bheadh Euratom in ann tionchar a imirt ar dhúshláin nua sa réimse núicléach.

1.6. **Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

☑ **tréimhse theoranta**

– ☑ i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2027

– ☑ Tionchar airgeadais ó 2026 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2026 go 2030 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse theoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**[2]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☑ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin.

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d’ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh;

– ☑ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha;

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn ‘Nótaí’.*

Nótaí

Cuirfidh an Coimisiún an Clár chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach agus bainistíocht indíreach ag Comhpháirtíochtaí Eorpacha (féach Airteagal 6(1) den togra). Cuirfidh cuid de

[2] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

chomhpháirtíochtaí comhchistithe Euratom cistiú chun feidhme trí bhíthin glaonna cascáideacha ar thograí.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Baileofar na sonraí uile maidir leis na próisis bainistithe (iarratais, rátaí rathúlachta, am dámhachtana, cineálacha tairbhithe, etc.) agus déanfar iad a stóráil, agus cuirfear ar fáil iad i bhfíor-am trí bunachar sonraí tiomnaithe.

Cuirfear faisnéis ar fáil sna tuarascálacha maidir le próisis bhainistíochta agus, de réir a chéile, faisnéis maidir le haschuir agus torthaí. Déanfar meastóireacht deiridh chomhpháirteach ar an gClár seo agus ar Chlár 2021-2025

Socraíodh táscairí sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma ar bhonn líon conairí tionchair. Ceapadh rialacha tuairiscithe le haghaidh rannpháirtithe agus aird á tabhairt ar na táscairí sin agus, ag an am céanna, cuireadh teorainn leis an ualach riaracháin ar rannpháirtithe. I gcás inar féidir, baileofar sonraí ó fhoinsí oscailte.

Ina theannta sin, déantar measúnú inmheánach ar ghníomhaíochtaí díreacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde trí bhíthin faireachán inmheánach agus measúnú ar thionchar an taighde agus déanfar measúnú seachtrach orthu ag painéal saineolaithe ardleibhéil a roghnaítear i gcomhairle le Bord Gobharnóirí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Cuirfear Clár Euratom chun feidhme i modh na bainistíochta dírí. Mar sin féin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, i gcás inarb iomchuí agus inarb éifeachtach, gníomhaíochtaí Euratom a chur chun feidhme trí bhainistíocht chomhroinnte agus/nó trí bhainistíocht indíreach (trí Chomhpháirtíochtaí Eorpacha).

Beidh an straitéis rialaithe bunaithe ar an méid seo a leanas:

- nósanna imeachta maidir leis na tionscadail is fearr a roghnú agus iad a aistriú ina n-ionstraimí dlí;
- na tionscadail agus na conarthaí a bhainistiú ar feadh thréimhse iomlán gach tionscadail;
- seiceálacha *ex ante* ar na héilimh uile;
- deimhnithe maidir leis na ráitis airgeadais os cionn tairseach áirithe;
- iniúchtaí *ex post* ar shampla d'éilimh íoctha;
- meastóireacht eolaíochta a dhéanamh ar thorthaí na dtionscadal.

Léirítear sna hiniúchtaí ar Fhís 2020 (lena n-áirítear Clár Euratom) gur fhan na rátaí earráide go maith laistigh den raon a rabhthas ag súil leis (féach Roinn 2.2.2). Léiríonn sé sin, fiú má tá deis ann fós tuilleadh feabhais a dhéanamh, go raibh na bearta simpliúcháin a tugadh isteach cheana éifeachtach.

### 2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Is é an tsamhail chistiúcháin bhunúsach atá ann go dtí seo go n-aisíoctar na costais incháilithe. Mar atá á chur in iúl go comhsheasmhach ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, an tráth is déanaí sa tuarascáil bhliantúil 2016 uaithi, 'is é an príomhriosca do rialtacht na n-idirbheart go ndearbhóidh tairbhithe costais neamh-incháilithe nach mbraitear ná nach gceartaítear roimh aisíocaíocht. Tá an riosca sin an-ard don Seachtú Clár Réime agus, *mutatis mutandis*, do Chlár Euratom, a bhfuil rialacha casta incháilitheachta aige a mbaineann tairbhithe míthuiscint astu go minic (go háirithe iad siúd nach bhfuil chomh heolach sin ar na rialacha, amhail FBManna, rannpháirtithe céaduaire agus eintitis neamh-AE)'.

D'aithin an Chúirt luach na simplithe a tugadh isteach le Fís 2020 (agus, dá bhrí sin, le haghaidh Chlár Euratom 2014-2020 freisin). I dtuarascáil bhliantúil 2016 ón gCúirt, áfach, mhol sí go mbainfí úsáid níos leithne as roghanna costais simplithe. Tá na roghanna costais simplithe sin á n-úsáid cheana i gcodanna den chlár, nó le haghaidh cineálacha sonracha caiteachais.

Maidir le deontais, ba é 5 % an ráta earráide ionadach a measadh don Seachtú Chlár Réime (lena n-áirítear Euratom) ina raibh ráta earráide 'iarmharach' de thart ar 3 %, i ndiaidh na haisghabhálacha agus na ceartuithe uile a cuireadh chun feidhme cheana nó a chuirfear chun feidhme a chur san áireamh. Mar sin féin, bhí na rátaí earráide níos ísle sna codanna sin den chlár i gcás inarbh fhéidir na roghanna costais simplithe ar bhonn níos forleithne agus i gcás ina raibh grúpa beag seasmhach de thairbhithe rannpháirteach.

Tugtar le fios i dtorthaí Fís 2020 (lena n-áirítear Clár Euratom) go bhfuil ráta earráide ionadaíoch thart ar 3 % ann, le ráta earráidí iarmharacha níos lú ná 2,5 %. Tabhair faoi deara, áfach, gur meastachán luath é seo ba cheart a úsáid go cúramach, agus gur dócha go n-ardódh sé, b'fhéidir go dtí thart ar 3-4 %. (Ba é 3,5 % an leibhéal earráide a raibh an Coimisiún ag súil leis le haghaidh Fís 2020 agus le haghaidh togra 2014-2018 Euratom, cé nár cuireadh san áireamh leis sin na castachtaí éagsúla breise a cuireadh leis le linn an phróisis reachtaigh). Ba cheart don ráta earráide iarmharach leanúint de bheith cuid mhaith faoi bhun 3 %, cé go bhfuil sé róluath lena rá an mbainfear ráta de 2 % amach.

Tagann roinnt earráidí chun cinn mar nár thuig tairbhithe na rialacha. Is féidir aghaidh a thabhairt ar na hearráidí sin trí shimpliú cé go bhfanfaidh roinnt castachta i gcónaí. Tagann earráidí chun eile cinn ós rud é nár lean tairbhithe na rialacha. Cé nach dtarlaíonn sé seo ach i mionlach cásanna, ní réiteofar é trí na rialacha reatha a shimpliú.

Soláthraítear an fhaisnéis seo a leanas in anailís ar rátaí earráide a rinneadh le haghaidh Fís 2020 (lena n-áirítear Clár Euratom) agus sna hiniúchtaí a rinneadh go dtí seo.

- Baineann thart ar 69 % de na hearráidí leis na costais phearsanra a mhuirearú. I measc fadhbanna rialta a shainaithnítear, tá ríomh mícheart na n-uaireanta táirgiúla; rátaí míchearta nó an líon mícheart uaireanta a dhéantar a mhuirearú.

- Baineann thart ar 21 % de na hearráidí le costais dhíreacha eile (ní bhaineann sé le costais phearsanra). An earráid is rialta a shainaithnítear, is é an t-easnamh ar thomhas díreach na gcostas é.

- Baineann thart ar 8 % de na hearráidí le costais fochonraitheoireachta agus 24 % le costais taistil.

Léiríonn na hearráidí a sainaithníodh le linn iniúchtaí ar Fhís 2020 agus ar Chlár Euratom go bhféadfaí cuid acu a sheachaint trí shimplithe agus trí fhoirmiúlacht neamhriachtanach sna rialacha a sheachaint. Tugadh feabhsuithe isteach faoin gclár Fís 2020 agus faoin gclár Fís Eorpach agus faoi Chlár Euratom 2021-2025 (rialacha nua maidir le sonrascadh inmheánach agus luach saothair breise, mar shampla). Mar sin féin, ní fios fós tionchar na n-athruithe sin ar an ráta earráide.

Trí úsáid níos leithne a bhaint as roghanna costais simplithe, amhail rátaí comhréidhe agus costais aonaid, chomh maith leis an simpliú leanúnach ar na rialacha, cuideofar leis an ráta earráide amach anseo a laghdú, ráta a mheastar a bheith idir 3-4 % ar bhonn ionadaíoch. Tá an bhunchúis ann go fóill i dtaca le fadhb na n-earráidí i modh cistiúcháin atá bunaithe ar aisíocaíocht na gcostas incháilithe. i gcóras den sórt sin, d'fhéadfaí an ráta earráide ionadaíoch a laghdú go 2,5 %-3,5 % ina bhfuil an ráta earráide iarmharach, i ndiaidh ceartuithe, a mheasfaí a bheadh thart ar 2 % (ach nár ghá go mbeadh sé faoina bhun sin).

Tugadh cistiú cnapshuime isteach ar bhonn níos leithne in Fís Eorpach. Fágann sé sin gur féidir íocaíocht a dhéanamh nuair a sheachadtar insoláthartha eolaíoch sásúil. Ní gá údar breise eile a bheith leis an íocaíochtaí sin, amhail sonraisc, bileoga ama, cruthúnais íocaíochta, etc. Dá bhrí sin, níl aon earráid airgeadais ann.

Le togra Chlár Euratom, ceadaítear don Choimisiún an tsamhail chistiúcháin chnapshuime a úsáid in 2026-2027. Déanfar meastóireacht air sin, go háirithe chun a fháil amach an féidir cuspóirí uile an Chláir a bhaint amach (ní hamháin an ráta earráide a ísliú). Ach cnapshuimeanna a íoc, d'aistreofaí na rioscaí go céimeanna eile den chóras rialaithe inmheánaigh, rud a d'fhágfadh go mbeadh meastóireacht agus measúnú ar an insoláthartha níos tábhachtaí.

Mar gheall ar líon na n-idirbheart atá i gceist, bheadh leibhéal ard de rialúchán *ex ante* córasach an-chostasach. Dá bhrí sin, tá an straitéis rialaithe atá ann cheana ag brath ar rialúcháin *ex ante* rioscabhunaithe agus ar rialúcháin *ex post* chun leibhéal na hearráide a mheasúnú agus méideanna neamh-incháilithe a bhrath agus a aisghabháil. Meastar go bhfuil an straitéis rialaithe éifeachtach mar go bhfuil na rátaí earráide go fóill laistigh den raon a bunaíodh. Ní mholtar athrú radacach, ach déanfar roinnt gnéithe a fhorbairt a thuilleadh, mar shampla, cuirfear iniúchadh ar chórais agus ar phróisis san áireamh.

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

Meastar costais an chórais rialaithe (meastóireacht, roghnúchán, bainistiú tionscadal, rialú *ex ante* agus *ex post*) a bheith cothrom le 3 %-4 % ar fud ranna an Choimisiúin atá freagrach as na Cláir Réime a bhí ann roimhe seo a chur chun feidhme le haghaidh 2017 (lena n-áirítear na costais a bhaineann leis an Seachtú Clár Réime agus Fís 2020 a bhainistiú). Meastar gur costas réasúnach é sin i bhfianaise na n-iarrachtaí is gá chun a áirithiú go ngnóthófar na cuspóirí agus go ndéanfar líon na n-idirbheart.

Is é 2,5 %-2,5 % an riosca earráide maidir le deontais a íoc a mheastar a bheidh ann de réir samhail chistiúcháin atá bunaithe ar aisíocaíocht chostais incháilithe. Is thart

ar 2 % - ach ní gá go mbeidh sé faoina bhun - an riosca earráide ar an gclabhsúr (i ndiaidh rialúcháin agus ceartuithe). Is gar do 0 % (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) a mheastar atá an riosca earráide maidir le deontais ag a bhfuil samhail chistiúcháin atá bunaithe ar an gcistiúchán cnapshuime. Maidir le rátaí earráide a mheastar a bheidh ann go foriomlán, beidh siad ag brath ar an gcothromaíocht idir an dá mhodh cistiúcháin (aisíocaíocht costais neamh-incháilithe agus cistiúchán ar an ráta comhréidh). Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún an tsamhail cistiúcháin cnapshuime a chur i bhfeidhm i gcás inarb iomchuí. Mar sin féin, ní hé is príomhchúis le cistiú cnapshuime a ghlacadh an ráta earráide a laghdú, ach cuspóirí uile an Chláir a bhaint amach. Glactar leis sa chás sin nach mbeidh na bearta simpliúcháin faoi réir modhnuithe substaintiúla sa phróiseas cinnteoireachta.

Tabhair faoi deara: ní bhaineann an roinn seo ach leis an bpróiseas bainistíochta deontas. Maidir le caiteachas riaracháin agus oibríochtúil a chuirtear chun feidhme trí phróisis soláthair phoiblí, ba cheart an riosca earráide tráth na híocaíochta agus tráth an dúnta a bheith faoi bhun 2 %.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Sna comhaontuithe ranníocaíochta a eascraíonn as an rialachán seo a chuirfear i gcrích le tríú páirtithe, déanfar foráil go ndéanfaidh an Coimisiún, nó aon ionadaí a údaróidh sé, maoirseacht agus rialú airgeadais, agus go ndéanfaidh sé an méid sin in éineacht le hiniúchtaí ag an gCúirt Iniúchóirí nó OLAF - ar an toirt, más gá - agus is faoi rogha an Aontais Eorpaigh a bheidh an méid sin.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Na ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | An cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[1]. | ó thíortha de chuid CSTE[2] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[3] | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| H1 | **01 01 02 Caiteachas tacaíochta le haghaidh 'Clár Taighde agus Oiliúna Euratom'**<br>01 01 02 01 Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann 'Clár Taighde agus Oiliúna Euratom' chun feidhme — Taighde indíreach.<br>01 01 02 02 Pearsanra seachtrach a chuireann 'Clár Taighde agus Oiliúna Euratom' chun feidhme — Taighde indíreach.<br>01 01 02 03 Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh 'Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom' — Taighde indíreach.<br>01.010211 Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme — Taighde díreach<br>01.010212 Pearsanra seachtrach a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme — Taighde díreach<br>01.010213 Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom — Taighde díreach<br>**01 03 Buiséad oibríochtúil an chláir Fís Euratom**<br>01 03 01 Taighde agus forbairt comhleá (gníomhaíochtaí indíreacha)<br>01 03 02 Comhleá Núicléach, sábháilteacht núicléach agus cosaint ar radaíocht | LN<br>LN<br>LN<br>LN<br>LN<br>LN<br>Difreáilte | NÍ hEA | IS EA | IS EA | NÍ hEA |

[1] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

[2] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

[3] Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | (gníomhaíochtaí indíreacha)<br>01.0303 Gníomhaíochtaí díreacha núicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde | | | | | |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | | | | | | |

**3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

*3.2.1,1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 1 | An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach |
|---|---|---|

| **AS: Taighde agus Forbairt Theicneolaíoch** | | | **Bliain 2026** | **Bliain 2027** | **I ndiaidh 2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | |
| 01 03 01 Taighde agus forbairt comhleá | Gealltanais | (1a) | 116,037 | 122,196 | | **238,233** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 46,414 | 49,478 | 142,341 | **238,233** |
| 01 03 02 Comhleá Núicléach, sábháilteacht núicléach agus cosaint ar radaíocht (gníomhaíochtaí indíreacha) | Gealltanais | (1b) | 52,998 | 55,811 | | **108,809** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | 21,199 | 22,924 | 64,686 | **108,809** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[58] | | | | | | |
| 01 01 02 01 Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann 'Clár Taighde agus Oiliúna Euratom' chun feidhme — Taighde indíreach | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3a) | 8,223 | 8,523 | | **16,746** |
| 01 01 02 02 Pearsanra seachtrach a chuireann 'Clár Taighde agus Oiliúna Euratom' chun feidhme — Taighde indíreach | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3b) | 0,348 | 0,361 | | **0,708** |

58 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 01 01 02 03 Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh 'Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom' — Taighde indíreach | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3c) | 1,658 | 1,718 | | **3,376** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS RTD** | Gealltanais | =1a+1b +3a+3b+3c | **179,263** | **188,609** | | **367,872** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3a+3b+3c | **77,841** | **83,004** | **207,027** | **367,872** |
| | | | | | | |
| **AS: an tAirmheán Comhpháirteach Taighde** | | | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Tar éis 2027 (féach pointe 1.6) | **IOMLÁN** |
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | |
| 01.0303 Gníomhaíochtaí díreacha núicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde | Gealltanais | (1a) | 12,500 | 12,500 | | **25,000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 3,700 | 9,700 | 11,600 | **25,000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[59] | | | | | | |
| 01 01 02 11 Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme — Taighde díreach | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3a) | 56,277 | 57,277 | | **113,554** |
| 01 01 02 12 Pearsanra seachtrach a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom chun feidhme — Taighde díreach | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3b) | 10,455 | 10,455 | | **20,910** |
| 01 01 02 13 Caiteachas bainistíochta eile le haghaidh 'Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom' — Taighde díreach | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3c) | 35,314 | 35,697 | | **71,011** |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh AS JRC** | Gealltanais | =1a+3a+3b+3c | **114,546** | **115,929** | | **230,475** |
| | Íocaíochtaí | =2a+3a+3b+3c | **105,746** | **113,129** | **11,600** | **230,475** |

59 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | **181,534** | **190,507** | **0** | **372,041** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 71,313 | 82,102 | 218,627 | **372,041** |
| • IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | Gealltanais = Ío caíochtaí | (6) | **112,275** | **114,031** | | **226,306** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 1** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | **293,809** | **304,538** | | **598,347** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | **183,588** | **196,133** | **218,627** | **598,347** |

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | 'Caiteachas riaracháin' |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Tar éis 2027 (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AS: <…….> | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | | | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | |
| **IOMLÁN AS** <…….> | Leithreasuithe | | | | | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Tar éis 2027 Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | | | | | | |

3.2.2. *An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Sonraigh cuspóirí agus aschuir ⇩ | | | Bliain N | | Bliain N+1 | | Bliain N+2 | | Bliain N+3 | | Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach pointe 1.6) | | | | | | IOMLÁN | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | ASCHUIR | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Cineál[60] | Meán chostas | Nil | Costas | Nil | Costas | Nil | Costas | Nil | Costas | Nil | Costas | Nil | Costas | Nil | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[61]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo- iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo- iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

60 Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

61 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | |
| Acmhainní daonna | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | |

| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | **Bliain 2026** | **Bliain 2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|
| **Acmhainní daonna** | 75,303 | 76,616 | **151,918** |
| **Caiteachas eile de chineál riaracháin** | 36,972 | 37,415 | **74,387** |
| **Fo- iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 112,275 | 114,031 | **226,305** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **112,275** | **114,031** | **226,305** |

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | |
| 01 01 02 01 (Taighde indíreach) | | 47 | 47 |
| 01 01 02 11 (Taighde díreach) | | 396 | 390 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | |
| **• Foireann sheachtrach (in aonad de Choibhéis Lánaimseartha: FTE)**[62] | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | 0 | 0 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | 0 | 0 |
| **XX** 01 xx **yy zz** [63] | - sa cheanncheathrú | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | |
| 01 01 01 02(AC, END, INT – Taighde indíreach) | | 4 | 4 |
| 01 01 02 12 (AC, INT, SNE – Taighde díreach) | | 153 | 138 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | |
| **IOMLÁN** | | 600 | 579 |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Cúraimí a dhíorthaítear chun bainistiú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom sonrach ag a bhfuil poist ar na pleananna bunaíochta údaraithe agus atá i mbun gníomhaíochtaí taighde indíreacha agus díreacha. |
| Pearsanra seachtrach | Cúraimí pearsanra sheachtraigh a chuireann Clár Taighde agus Oiliúna Euratom sonrach chun feidhme, i bhfoirm gníomhaíochtaí taighde díreacha agus indíreacha |

62 AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Gairmithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

63 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (seanlínte 'BA').

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI.

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☒ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | 2026 | 2027 | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | p.m. | p.m. | p.m. |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☐ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☒ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☒ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[1] | |
|---|---|---|---|
| | | 2026 | 2027 |
| Mír 6011<br>Mír 6012<br>Mír 6013<br>Mír 6031 | p.m | p.m. | p.m. |

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

| |
|---|
| 01 03XX Leithreasuithe arna bhfabhrú ó ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| Féadfaidh tríú tíortha rannchuidiú leis an gclár trí bhíthin comhaontuithe comhlachais. Na coinníollacha lena gcinnfear leibhéal na ranníocaíochta airgeadais, leagfar amach iad i gcomhaontuithe comhlachais le gach tír agus áiritheofar leo go ndéanfar ceartú uathoibríoch ar aon mhíchothromaíocht shuntasach i gcomparáid leis an méid a fhaigheann eintitis atá sa tír chomhlachaithe as bheith rannpháirteach sa chlár, agus costais maidir le bainistiú an chláir á gcur san áireamh. |

## 4. GNÉITHE DIGITEACHA

### 4.1. Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha

| |
|---|
| Ní chuimsítear leis an Rialachán seo ceanglais bhreise a bhfuil ábharthacht dhigiteach ag baint leo. Tá feidhm ag forálacha faoi Rialachán (AE) 2021/695 agus tá ceanglais iontu a bhaineann le hábharthacht dhigiteach i dtéarmaí bailiú, tarchur agus stóráil sonraí agus malartuithe faisnéise. |

### 4.2. Sonraí

| |
|---|
| Ní chuimsítear leis an Rialachán seo ceanglais bhreise a bhfuil ábharthacht dhigiteach ag baint leo maidir le bailiú, próiseáil, giniúint, malartú nó a comhroinnt sonraí. Tá feidhm ag forálacha faoi Rialachán (AE) 2021/695. |

[1] A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

### 4.3. Réitigh dhigiteacha

Ní chuimsítear leis an Rialachán seo ceanglais bhreise a bhfuil ábharthacht dhigiteach ag baint leo, ar ceanglais iad lena sainordaítear réiteach digiteach. Tá feidhm ag forálacha faoi Rialachán (AE) 2021/695.

### 4.4. Measúnú idir-inoibritheachta

Ní chuimsítear leis an Rialachán seo ceanglais bhreise a bhfuil ábharthacht dhigiteach ag baint leo, ar ceanglais iad lena mbaineann seirbhísí poiblí digiteacha. Tá feidhm ag forálacha faoi Rialachán (AE) 2021/695.

### 4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach

Ní chuimsítear leis an Rialachán seo ceanglais bhreise a bhfuil ábharthacht dhigiteach ag baint leo, ar ceanglais iad a dteastaíonn bearta sonracha cur chun feidhme ina leith. Tá feidhm ag forálacha faoi Rialachán (AE) 2021/695.